



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
EMILIOU
arna tabhairt an 14 Márta 2024¹

Cás C-147/23

An Coimisiún Eorpach
v

Poblacht na Polainne

(Mainneachtain Bhallstáit maidir le hoibleagáidí a chomhlíonadh — Airteagal 258 CFAE — Cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais — Treoir (AE) 2019/1937 — Mainneachtain an Treoir sin a thrasúí — Airteagal 260(3) CFAE — Smachtbhannaí airgeadais — Íocaíocht phionósach thréimhsiúil — Cnapshuim — Modh ríofa arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus smachtbhannaí airgeadais á moladh don Chúirt — Comhéifeacht don tromchúis — Mainneachtain maidir le fógra a thabhairt faoi bhearta lena dtrasuitear treoir — Comhéifeacht 10 a chur i bhfeidhm go córasach — Cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh — Fachtóir ‘n’ — Méid daonra an Bhallstáit a chur san áireamh)

I. Réamhrá

1. Nuair a fhaigheann tiománaí gluaisteáin ticéad luais, is dócha go nglacfaidh sé nó sí leis go léireoidh méid na fineála sin tromchúis an tsáraithe agus, dá bhrí sin, go mbeidh sé i gcomhréir le líon na gciliméadar in aghaidh na huaire faoinar sháraigh sé nó sí an teorainn luais. I gcás eile, féadfaidh cuideachta a n-eisítear fineáil di as sárú ar rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh nó ar rialacha cosanta sonraí pearsanta a bheith ag súil (de réir mar a cheanglaítear le dlí an Aontais)² le méid na fineála sin, *inter alia*, tromchúis agus fad an tsáraithe a chur san áireamh, chomh maith lena cumas an fhíneáil a íoc bunaithe ar a láimhdeachas iomlán. Ní shamhlódh an tiománaí ná an cuideachta, sa dá shampla sin, áfach, go dtiocfadh méadú ar mhéid a bhfineála toisc go bhfuil líon na ndaoine ina dteaghlach nó líon na ndaoine a fhostaíonn siad tráth an tsáraithe níos airde ná mar atá ag an meántiománaí nó cuideachta eile.

2. Ar cheart loighic eile a bheith i bhfeidhm nuair a fhorchuirtear smachtbhannaí airgeadais ar Bhallstát as mainneachtain fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi na bearta is gá chun treoir a thrasú? An féidir méid na smachtbhannaí sin a bheith ag brath ar dhaonra an Bhallstáit?

¹ Bunteanga: an Béarla.

² Féach, i ndáil leis sin, Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101 agus 102] CFAE (IO 2003 L 1, lch. 1), agus Airteagal 83 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1) ('RGCS').

3. Is é sin, go bunúsach, ceann de na príomh-shaincheistean sa chás seo.
4. Go sonrach, tagann an tsaincheist sin chun cinn i gcomhthéacs imeachtaí um shárú arna dtionscnamh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 258 CFAE i gcoinne Phoblacht na Polainne, ar an bhforas nár ghlac sí na bearta is gá chun Treoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais³ ('an Treoir maidir le Sceithirí') agus nár thug sí fógra don Choimisiún faoi na bearta sin. Ní shéanann Poblacht na Polainne an mhainneachtain sin. Mar sin féin, cuireann sí i gcoinne méid na smachtbhannaí airgeadais a mholann an Coimisiún don Chúirt a fhorchur. I ndáil leis sin, ceistíonn sí dhá ghné de na modhanna ríofa a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm. Dar leis, is é an toradh córasach atá ar cheann de na gnéithe sin ná go mbíonn smachtbhannaí airgeadais níos airde ag na Ballstáit sin, amhail an Pholainn, a bhfuil daonra níos mó acu ná Ballstáit eile.
5. Sa chomhthéacs sin, ceanglaítear ar an gCúirt Airteagal 260(3) CFAE a léirmhíniú, a thugann a chéad abairt teideal don Choimisiún méid na smachtbhannaí airgeadais a mheasann sé a bheith iomchuí a shonrú nuair a thionscnaíonn sí imeachtaí i gcoinne Ballstáit de bhun Airteagal 258 CFAE toisc nár tugadh fógra faoi na bearta is gá chun treoir arna glacadh faoi nós imeachta reachtach a thrasú.

II. Cúlra dlíthiúil

1. An Treoir maidir le Sceithirí

6. Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 26 den Treoir maidir le Sceithirí:
- '1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 17 Nollaig 2021.
2. De mhaolú ar mhír 1, maidir le heintitis dhlíthiúla san earnáil phríobháideach ag a bhfuil 50 go 249 n-oibri, déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun go gcomhlíonfar an oibleagáid bealaí tuairiscithe inmheánacha a bhunú faoi Airteagal 8(3) a thabhairt i bhfeidhm faoin 17 Nollaig 2023.
3. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh tagairt sna forálacha sin don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.'

2. Teachtaireacht 2023⁴

7. I dTeachttaireacht 2023 tá na modhanna ríofa a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm nuair a mholann sé go bhforchuirfidh an Chúirt smachtbhannaí airgeadais i gcomhthéacs imeachtaí um shárú. Féadfaidh íocaíocht phionósach nó cnapshuim, nó iad araon, a bheith i gceist leis na smachtbhannaí airgeadais sin.

³ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 (IO 2019 L 305, lch. 17).

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún — Smachtbhannaí airgeadais le linn imeachtaí um shárú (IO 2023 C 2, lch. 1).

8. Sa rannán den teachtaireacht sin dar teideal ‘Prionsabail ghinearálta’, luann an Coimisiún go measann sé ‘gur cheart na smachtbhannaí airgeadais a fhorchuirtear a bheith bunaithe ar thrí chritéar bhunúsacha...:

- tromchúis an tsáraithe,
- a fhad,
- an gá atá ann a áirithiú go mbeidh an smachtbhanna airgeadais féin ina bhac ar sháruithe eile’.

9. Is é an teideal atá ar phointe 3.2.2 de Theachtaireacht 2023 ‘Mainneachtain fógra a thabhairt maidir le bearta trasuite (Airteagal 260(3) CFAE)’. Foráiltear an méid seo a leanas sa chéad mhír:

‘I gcás caingne a thionscnaítear faoi Airteagal 260(3) CFAE, déanann an Coimisiún comhéifeacht 10 maidir le tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i gcás mainneachtana iomláine bearta trasuite a fhógairt. In Aontas atá bunaithe ar an urraim don smacht reachta, ní mór na teoracha reachtacha uile a mheas ar bhonn na tábhachta céanna agus ní mór do na Ballstáit iad a thrasú ina n-iomláine laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos acu.’

10. Is é an teideal atá ar phointe 3.4 de Theachtaireacht 2023, a bhaineann le híocaíochtaí pionósacha, ná ‘cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh’. Luaitear an méid seo a leanas ann:

‘Ba cheart méid na híocaíochta pionósaí a áirithiú go bhfuil an smachtbhanna comhréireach agus athchomhairleach araon. Tá dhá ghné ag baint le héifeacht dhíspreagthach na híocaíochta pionósaí. Caithfidh an smachtbhanna a bheith sách ard lena chinntiú:

- go gcuireann an Ballstát deireadh leis an sárú (ní mór, dá bhrí sin, go mbeadh sé níos airde ná an tairbhe a bhaineann an Ballstát as an sárú),
- ní dhéanann an Ballstát an sárú a athdhéanamh.

Beidh an leibhéal pionóis is gá chun fónamh mar dhíspreagadh éagsúil ag brath ar chumas na mBallstát íocaíocht a dhéanamh. Léirítear an éifeacht dhíspreagthach sin sa[n] fhachtóir n. Sainítear é mar mheán ualaithe geoiméadrach d’olltáirgeacht intíre (OTI) [...] an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le meán OTInna na mBallstát, ag a bhfuil meáchan de 2, agus de dhaonra an Bhallstáit lena mbaineann, i gcomparáid le meán daonra na mBallstát, ag a bhfuil meáchan de 1. Is ionann sin agus cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh i ndáil le cumas na mBallstát eile íocaíocht a dhéanamh:

$$\text{facteur } n = \left(\frac{\text{PIB}_n}{\text{PIB}_{\text{moy}}} \right)^{2/3} \times \left(\frac{\text{Pop}_n}{\text{Pop}_{\text{moy}}} \right)^{1/3}$$

...

Tá an modh chun an fhachtóir n a ríomh... anois ag brath go príomha ar OTI na mBallstát agus, go cúlráideach ar a ndaonra mar chritéar déimeagrafach lenar féidir diall réasúnach a choinneáil idir na Ballstáit éagsúla. Agus daonra na mBallstát á chur san áireamh le haghaidh an tríú cuid de ríomh an fhachtóra, laghdaíonn sé go dtí leibhéal réasúnta an t-athrú ar fhachtóirí n na mBallstát, i gcomparáid le ríomh atá bunaithe ar OTI na mBallstát, agus ar an méid sin amháin.

Cuireann sé freisin gné den chobhsaíocht le ríomh an fachtóir n, ós rud é nach dócha go mbeidh an daonra éagsúil go suntasach ar bhonn bliantúil. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh luaineachtaí bliantúla níos mó a bheith ag OTI Ballstáit, go háirithe i dtréimhsí géarchéime eacnamaíochta. Ag an am céanna, ós rud é gurb ionann OTI an Bhallstáit agus dhá thrian den ríomh i gcónaí, tá sé fós ina phríomhfachtóir chun measúnú a dhéanamh ar chumas íocaíochta.'

11. Tá pointe 4.2.2. de Theachtaireacht 2023, a bhaineann le cnapshuimeanna, dar teideal 'Eilimintí eile den mhodh ríofa don chnapshuim'. Luaitear ann 'chun an chnapshuim a ríomh, cuireann an Coimisiún an chomhéifeacht don tromchúis chéanna i bhfeidhm agus an fachtóir n seasta céanna agus a chuireann sé i bhfeidhm chun íocaíocht phionósach a ríomh'.

12. Leagtar síos fachtóir 'n' le haghaidh gach Ballstáit i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023.

III. An nós imeachta réamhdhlíthíochta

13. An 27 Eanáir 2022, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig Poblacht na Polainne inar líomhnaíodh nár thug sí fógra dó faoi na bearta a glacadh chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú. Sa fhreagra uaithi ar an litir fógra fhoirmiúil, dar dáta an 23 Márta 2022, níor chuir Poblacht na Polainne in iúl ach go raibh na bearta sin á nglacadh ar an leibhéal náisiúnta.

14. An 15 Iúil 2022, chuir an Coimisiún tuairim réasúnaithe faoi bhráid Phoblacht na Polainne inar iarr sé uirthi a hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Sceithirí a chomhlíonadh laistigh de thréimhse dhá mhí, ag tosú ar an lá a thugtar fógra fhoirmiúil faoin tuairim réasúnaithe.

15. Sa fhreagairt uaithi an 15 Meán Fómhair 2022, thug Poblacht na Polainne le fios, i bhfianaise an ghá atá le comhairliúchán idir-aireachta domhain maidir leis na saincheistean na chumhdaítear leis an Treoir sin, go raibh sí ag dréim le deireadh a chur le hoibreacha leanúnacha na Parlaiminte ar an leibhéal náisiúnta ag deireadh 2022. Ina dhiaidh sin, chuir sé in iúl don Choimisiún go raibh sé beartaithe aici na bearta a fhoilsiú a ceapadh chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú i mí Lúnasa 2023.

16. An 15 Feabhra 2023, chinn an Coimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh in aghaidh Phoblacht na Polainne os comhair na Cúirte, de bhun an dara mír d'Airteagal 258 CFAE.

IV. Nós imeachta os comhair na Cúirte agus an t-ordú atá á lorg

17. Ina iarratas, arna thaisceadh an 10 Márta 2023, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt:

- a dhearbhuí nár chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Sceithirí, ós rud é nár ghlac sí na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir sin a thrasú agus trí mhainneachtain fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith;
- a ordú do Phoblacht na Polainne a íoc leis an gCoimisiún:

(a) cnapshuim de cheann amháin den dá mhéid seo a leanas a íoc, cibé acu is airde:

- méid laethúil de EUR 13 700 ón dáta a chuaigh an spriocdháta chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú in éag go dtí an dáta a gcuirfear deireadh leis an sárú líomhainte nó, má leantar den sárú, go dtí dáta fógartha an bhreithiúnais sa chás seo,

- íosmhéid de EUR 3 836 000;

(b) i gcás gur lean an sárú líomhainte go dtí dáta fógartha an bhreithiúnais sa chás seo, íocaíocht phionósach laethúil de EUR 53 430 in aghaidh gach lá moille maidir leis na hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Sceithirí a chomhlíonadh, ó dháta fógartha an bhreithiúnais sin agus go dtí an dáta a gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin;

- a ordú do Phoblacht na Polainne na costais a íoc.

18. Tar éis don iarratas lena dtionscnaítear na himeachtaí a bheith seirbheáilte uirthi go cuí, rinne Poblacht na Polainne cosaint a thaisceadh an 31 Bealtaine 2023. Iarrann sí ar an gCúirt an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an chaingean ina hiomláine a dhíbhe;

- mar mhalairt air sin, staonadh ó chnapshuim agus íocaíocht phionósach a fhorchur;

- mar rogha mhalartach eile, na méideanna atá molta ag an gCoimisiún le haghaidh na smachtbhannaí airgeadais sin a laghdú go suntasach;

- a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

19. D'iarr an Chúirt ar na páirtithe sa chás seo an dara babhta barúlacha i scríbhinn a chur isteach. Taisceadh an freagra agus an t-athfhreagra an 3 Iúil 2023 agus 9 Lúnasa 2023, faoi seach.

20. Níor tionóladh aon éisteacht.

V. Anailís

21. Ghlac reachtas an Aontais an Treoir maidir le Sceithirí in 2019 tar éis do shraith nochtaí ar fud an Aontais Eorpaigh (lena n-áirítear, go háirithe, iad siúd a bhaineann le scannal ‘Lux Leaks’)⁵ aird shuntasach an phobail agus na meán a tharraingt, rud a léiríonn an gá atá le reachtaíocht an Aontais sa réimse sin. Is é is aidhm don Treoir sin ná cosaint ‘chothromaithe agus éifeachtach’ a chur ar fáil do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais a bhfaigheann siad faisnéis ina leith i gcomhthéacs oibre agus atá ‘díobhálach do leas an phobail’.⁶ Mar a luaitear in Airteagal 1 den Treoir sin, is é is cuspóir di ‘forfheidhmiú dhlí agus bheartais an Aontais a fheabhsú’ i réimsí sonracha áirithe a bhfuil tábhacht ag baint leo do leas an phobail, trí íoschaighdeáin choiteanna a leagan síos lena bhforáiltear do ‘ardleibhéal cosanta’ do na daoine sin.⁷

⁵ Tagraíonn an scannal ‘Lux Leaks’ do nochtaí, in 2014, breis agus 300 ‘rialú cánach’ (scéimeanna cánach) a chomhaontaigh riarachán cánach Lucsamburg le gnólaicteá agus cuideachtaí agus na himeachtaí breithiúnacha a tionscnaíodh ina dhiaidh sin i gcoinne roinnt de na daoine a raibh baint acu leis na nochtaí sin.

⁶ Féach aithris 1 agus Airteagal 4, dar teideal ‘Raon feidhme pearsanta’, den Treoir maidir le Sceithirí.

⁷ Cumhdaíonn na rialacha atá sa Treoir maidir le Sceithirí raon leathan réimsí agus leathnaíonn siad chuig an earnáil phoiblí agus chuig an earnáil phríobháideach araon. Áirítear leo toirmeasc dian ar gach cineál frithbhirt i gcoinne sceithirí. Chun tráchttaireacht ghinearálta a fháil ar an Treoir sin, féach Abazi, V., ‘The European Union Whistleblower Directive: A “game changer” for whistleblowing protection?’, *Industrial Law Journal*, Iml. 49, Eagrán 4, 2020, lgh. 640 go 656.

22. Ceanglaíodh ar na Ballstáit, faoi Airteagal 26(1) den Treoir maidir le Sceithirí, ‘na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin’ is gá chun an Treoir sin a chomhlíonadh a ghlacadh faoin 17 Nollaig 2021.⁸ Ceanglaíodh orthu freisin, faoi mhír 3 den Airteagal sin, tagairt don Treoir maidir le Sceithirí a áireamh sna bearta trasuite sin. Ina theannta sin, bhí orthu an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na bearta sin (mar is gá dóibh a dhéanamh go ginearálta, i gcás gach treorach).

23. Tá an cás seo mar chuid de shraith sé chás⁹ a bhaineann le mainneachtain líomhainte roinnt Ballstát na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

24. Mar a luaigh mé cheana féin sa Réamhrá thuas, baineann na himeachtaí seo, go bunúsach, le ‘*manquement non contesté*’ (mainneachtain gan díospóid). Go deimhin, ní dhíospóideann Poblacht na Polainne nach ndearna sí an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú i ndlí na Polainne. Ní dhíospóideann sí ach an oiread gur mhainnigh sí, *a fortiori*, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon bheart trasuite. Mar sin féin, cuireann sí roinnt boinn cirt ar aghaidh maidir leis an mainneachtain sin. Ina theannta sin, agóideann sí i gcoinne mhéid na smachtbhannaí airgeadais a mholann an Coimisiún don Chúirt a fhorchur.

25. Ar an gcéad dul síos, míneoidh mé cén fáth ar féidir leis an gCúirt, i mo thuairimse, na húdair a thugann Poblacht na Polainne a dhíbhe go héasca (A). Tabharfaidh mé aghaidh ansin ar an gcáineadh go ndíríonn an Ballstát sin ar mhéid na smachtbhannaí airgeadais a mhol an Coimisiún sa chás seo agus, go sonrach, ar na modhanna a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm chun an méid sin a ríomh, mar a shonraítear i dTeachtaireacht 2023(B). Tá an tsaincheist sin tábhachtach do gach ceann de na sé chás dá dtagraítear i mír 23 thuas, agus, ar bhonn níos ginearálta, do na cásanna uile ina sonraíonn an Coimisiún méid na smachtbhannaí airgeadais a mholann sé don Chúirt a fhorchur i gcomhthéacs imeachtaí um shárú.

A. Údar Phoblacht na Polainne maidir le mainneachtain an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú

1. Argóintí na bpáirtithe

26. Tugann Poblacht na Polainne, go bunúsach, trí údar lena mainneachtain an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú agus, mar thoradh air sin, fógra a thabhairt faoi na bearta is gá chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú i ndlí na Polainne laistigh den tréimhse a fhorordaítear le hAirteagal 26(1) den Treoir sin.

27. Ar an gcéad dul síos, míníonn sí, mar gheall ar raon leathan feidhme na Treorach maidir le Sceithirí agus a tionchar suntasach ar réimse leathan earnálacha, go bhfuil gá le nós imeachta comhairliúcháin níos faide ar an leibhéal náisiúnta. Spreagadh go leor páirtithe leasmhara nó d’iarr siad barúlacha a chur isteach le linn an nós imeachta comhairliúcháin sin. Tá mionanailís bhreise ag teastáil i dtaobh roinnt de na hamhrais a chuir na páirtithe leasmhara sin in iúl ina gcuid barúlacha, rud a chuir moill ar ghlacadh na mbeart lena dtrasuitear an Treoir sin.

⁸ Seachas na bearta is gá chun an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le bealaí tuairiscithe inmheánacha a bhunú faoi Airteagal 8(3) den Treoir maidir le Sceithirí, a mhéid a bhaineann le heintitis dhlíthiúla san earnáil phríobháideach ag a bhfuil 50 go 249 n-oibrí, ar bhain na Ballstáit tairbhe as dhá bhliain bhreise ina leith (go dtí an 17 Nollaig 2023) (féach Airteagal 26(2) den Treoir sin).

⁹ Féach cásanna C-149/23, *an Coimisiún v an Ghearmáin*; C-150/23, *an Coimisiún v Lucsamburg*; C-152/23, *an Coimisiún v Poblacht na Seice*; C-154/23, *an Coimisiún v an Eastóin*, agus C-155/23, *an Coimisiún v an Ungáir*. Tá na cásanna sin go léir ar feitheamh os comhair na Cúirte faoi láthair.

28. Baineann an dara agus an tríú húdar a chuir Poblacht na Polainne chun cinn le paidéim COVID-19 agus leis an gcoinbhleacht mhíleata atá ar siúl san Úcráin. Ar thaobh amháin, míníonn Poblacht na Polainne go raibh sé níos deacra cruinnithe ar an láthair a eagrú mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus an nós imeachta comhairliúcháin a sheoladh. Luaitear ann freisin gur ghá tosaíocht a thabhairt do reachtaíocht eile a bhí ní ba phráinní, a bhain le bainistiú agus srianadh phaindéim COVID-19.

29. Ar an taobh eile, tugann Poblacht na Polainne dá haire go raibh ról lárnach ag an Aireacht Teaghlaigh agus Beartais Shóisialta (a bhí freagrach as an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú i ndlí na Polainne) maidir le forálacha náisiúnta a ghlacadh maidir le dídeanaithe ón Úcráin a imeascadh i gcóras slándála sóisialta na Polainne agus maidir leis na dálaí faoinar cuireadh fáilte rompu sa Pholainn, tar éis bhriseadh amach an chogaidh san Úcráin. Chuir an gá atá le gníomhaíocht mhear a dhéanamh agus acmhainní a shlógadh maidir leis na saincheistanna sin moill bhreise ar thrasú na Treorach maidir le Sceithirí i ndlí na Polainne.

30. I bhfianaise na ngnéithe sin, maíonn Poblacht na Polainne nach bhfuil a mainneachtain an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú mar thoradh ar locht ina próiseas reachtach ach gur gá tosaíocht a thabhairt do cheistanna práinneacha eile a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, leis an tslándáil agus leis an mbeartas.

31. Ní ghlacann an Coimisiún leis na húdair a chuir Poblacht na Polainne ar aghaidh.

32. Ar an gcéad dul síos, measann sí nach féidir le Poblacht na Polainne castacht na Treorach maidir le Sceithirí a agairt chun údar a thabhairt lena moill maidir leis an Treoir sin a thrasú sa dlí náisiúnta. Ní bac ‘neamhghnách nó neamh-intuatha’ í castacht phíosa reachtaíochta an Aontais ar chomhlíonadh oibleagáidí na mBallstát maidir le treoracha a thrasú. Ní féidir le Ballstáit brath ar dheacrachtaí le linn an nós imeachta comhairliúcháin ar an leibhéal náisiúnta chun údar a thabhairt lena mainneachtain treoir a thrasú ach an oiread.

33. Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún nach féidir le Poblacht na Polainne a mhaíomh gur tharla a mainneachtain an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú laistigh den tréimhse a fhorordaítear faoi Airteagal 26(1) di, mar gheall ar phaindéim COVID-19. Ní féidir leis an bpaindéim a bheith ina húdar ach in dhá chás: ar an gcéad dul síos, i gcás ina gceadaítear maoluithe nó eisceachtaí le gníomh ábhartha an Aontais mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann leis an bpaindéim nó, ar an dara dul síos, i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais maidir le cosaint *force majeure* (deacrachtaí dosháraithe). De réir an Choimisiúin, níl feidhm ag ceachtar de na cásanna sin anseo.

34. Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire gur cuireadh tús leis an gcoinbhleacht mhíleata atá ar siúl san Úcráin an 24 Feabhra 2022, is é sin le rá, tar éis don tréimhse chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú dul in éag. Dá réir sin, maíonn sé nach féidir le Poblacht na Polainne brath ar iarmhairtí na coinbhleachta sin chun údar a thabhairt lena mainneachtain an Treoir sin a thrasú laistigh den tréimhse a fhorordaítear le hAirteagal 26(1) di. I gcás ar bith, bheadh na hiarmhairtí sin ró-indíreach nó róchianda chun go mbeadh feidhm ag *force majeure* maidir le cosaint *force majeure*.

2. Measúnú

35. Níl na trí údar a chuir Poblacht na Polainne ar aghaidh sna himeachtaí reatha nua ná neamhchoitianta, ar bhealach ar bith. Is féidir iad a dhíbhe, dar liom, gan mórán deacrachta.

36. Mar a léiríonn an Coimisiún, rialaigh an Chúirt cheana féin, roinnt uaireanta, nach féidir le Ballstát forálacha, cleachtais ná cásanna atá i réim ina chóras dlí intíre (is é sin deacrachtaí inmheánacha) a phléadail chun údar a thabhairt le mainneachtain na n-oibleagáidí agus na spriocdhátaí a leagtar síos i dtreoir a chomhlíonadh.¹⁰ Go háirithe, ní bhaineann sé le hábhar gur toradh ar dhíospóireachtaí polaitiúla é mainneachtain Bhallstáit den sórt sin¹¹ nó go bhfuil sé inchurtha i leith an ghá le dul i mbun nósanna imeachta comhairliúcháin ar an leibhéal náisiúnta.¹²

37. Ina theannta sin, dhiúltaigh an Chúirt go seasta d'údair a tugadh bunaithe ar chastacht líomhainte na reachtaíochta atá i gceist.¹³ I ndáil leis sin, chuir sí i bhfios go láidir, má tharlaíonn go bhfuil an tréimhse a cheadaítear chun treoir a chur chun feidhme róghearr, gurb é an t-aon mhodh gníomhaíochta atá comhoiriúnach le dlí an Aontais agus atá ar fáil don Bhallstát lena mbaineann ná síneadh ama a fháil ón institiúid inniúil de chuid an Aontais.¹⁴

38. I bhfianaise an chásdlí sin, is rílér dom nach féidir le Poblacht na Polainne deacrachtaí a eascraíonn as raon feidhme leathan na Treorach maidir le Sceithirí, as a castacht ná as an amhras a d'ardaigh páirtithe leasmhara áirithe agus an tionchar a bhí acu ar fhad an nós imeachta comhairliúcháin ar an leibhéal náisiúnta a agairt chun údar a thabhairt lena mainneachtain an ionstraim sin a thrasú (an chéad údar).

39. Maidir leis an dara húdar a chuir Poblacht na Polainne chun cinn, a chuireann in iúl, go bunúsach, gur chuir an staid neamhfhabhrach a bhain le paidéim COVID-19 cosc uirthi an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú laistigh den tréimhse a forordaíodh, tugaim faoi deara nár ghlac reachtas an Aontais an Treoir sin ach cúpla mí sular tharla na chéad chásanna de COVID-19.

40. Is féidir liom glacadh leis go héasca, mar atá glactha ag an gCúirt i gcásanna eile,¹⁵ go bhfuil géarchéim sláinte ar scála amhail géarchéim phaindéim COVID-19 thar smacht na mBallstát agus go bhfuil sí neamhghnách agus neamh-intuartha araon. Mar sin féin, i mo thuairimse, ní chiallaíonn sé sin gur féidir le Poblacht na Polainne brath ar phaindéim COVID-19 chun cosaint *force majeure* a phléadail sa chás seo, rud a shaorfadh í óna hoibleagáidí faoi Airteagal 26 den Treoir maidir le Sceithirí.

41. Is fíor gur ghlac an Chúirt, i bprionsabal, le *force majeure* mar chosaint, lena n-áirítear i gcásanna a bhaineann le mainneachtain treoir a thrasú.¹⁶ Mar sin féin, ní féidir le cosaint den sórt sin a bheith rathúil ach amháin má tá 'imthosca coimhthíocha' ann a fhágann 'dodhéanta' é na bearta ábhartha trasuite a ghlacadh. Cé nach nglactar leis, leis an sainmhíniú sin go bhfuil 'dodhéantacht iomlán' ann, éilítear leis, mar sin féin, 'deacrachtaí neamhghnácha' a dhealraíonn a bheith 'dosheachanta fiú má dhéantar gach cúram cuí'. Is tairseach ard é¹⁷ sin a chuireann teorainn shoiléir leis na cásanna inar féidir leis na Ballstáit cosaint *force majeure* a agairt go rathúil. Ina

¹⁰ Féach, *inter alia*, chuige sin, breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2001, *an Coimisiún v an Fhrainc* (C-468/00, EU:C:2001:482, mír 10).

¹¹ Féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Bealtaine 2013, *an Coimisiún v an tSualainn* (C-270/11, EU:C:2013:339, mír 54).

¹² Féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2001, *an Coimisiún v an Fhrainc* (C-468/00, EU:C:2001:482, míreanna 8 go 10), agus an 26 Feabhra 2008, *an Coimisiún v Lucsamburg* (C-273/07, EU:C:2008:122, míreanna 8 go 10).

¹³ Féach breithiúnas an 17 Iúil 1997, *an Coimisiún v an Spáinn* (C-52/96, EU:C:1997:382, míreanna 8 go 11).

¹⁴ Féach breithiúnas an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v Éire (Sciúradh airgid)* (C-550/18, EU:C:2020:564, mír 46).

¹⁵ Féach breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *an Coimisiún v an tSlóvaic (Ceart foirceanta gan táilli)* (C-540/21, EU:C:2023:450, mír 83).

¹⁶ Féach breithiúnas an 6 Iúil 2000, *an Coimisiún v an Bheilg* (C-236/99, EU:C:2000:374, míreanna 21 go 24).

¹⁷ Féach, ina leith sin, breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1987, *an Coimisiún v an Ghréig* (70/86, EU:C:1987:374, mír 8), agus an 8 Iúil 2010, *an Coimisiún v an Iodáil* (C-334/08, EU:C:2010:414, míreanna 46 agus 47).

theannta sin, níl an chosaint sin ar fáil a thuilleadh do Bhallstát más rud é go síneann tréimhse na neamhghníomhaíochta thar an bpointe a scoir éifeachtaí na n-imthosca coimhthíocha sin de bheith ann.¹⁸

42. I ndáil leis sin, dealraíonn sé dom nár dheacrachtaí iad, ar feadh na tréimhse ábhartha ar fad ar a laghad, an fíoras go raibh gá tosaíocht a thabhairt do thograí reachtacha maidir le bainistiú agus srianadh phaindéim COVID-19, agus go raibh eagrú cruinnithe ar an láthair níos deacra le linn an ama sin, chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú, a chuir na bearta a bhí riachtanach chun an Treoir sin a thrasú faoi réir ‘deacrachtaí neamhghnácha’ nach bhféadfaí a sheachaint, fiú dá mba rud é go ndearnadh gach cúram cuí.

43. Meabhraím gur ceanglaíodh le hAirteagal 26(1) den Treoir maidir le Sceithirí ar na Ballstáit na ‘forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin’ is gá a ghlacadh chun an Treoir sin a chomhlíonadh faoin 17 Nollaig 2021, is é sin le rá, thart ar bhliain amháin agus naoi mí tar éis thús phaindéim COVID-19. Bhain Poblacht na Polainne tairbhe as naoi mí eile (a chomhfhreagraíonn don am idir dul in éag na tréimhse sin agus deireadh na tréimhse dhá mhí a leagtar amach sa tuairim réasúnaithe ón gCoimisiún) chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ach mhainnigh sí fós déanamh amhlaidh. Ar an dáta a thionscain an Coimisiún na himeachtaí reatha, ní raibh na bearta ba ghá chun an ionstraim sin a thrasú fós glactha ag Poblacht na Polainne.

44. Níl gá le saineolaí ar oibriú inmheánach rialtais chun a thabhairt faoi deara nach bhfuil na hathruithe ar thosaíochtaí an chlár oibre reachtaigh nó ar chlár oibre na nAireachtaí neamhchoitianta. Tá feidhm ag an méid sin fiú nuair nach féidir na himeachtaí as a n-eascraíonn na hathruithe sin (amhail ráig víris) a thuar. De réir réasúnaíocht an bhreithiúnais in *an Coimisiún v an Iodáil*,¹⁹ inar mheabhraigh an Chúirt go gceanglaítear le cosaint ‘*force majeure*’ go mbeidh neamhchomhlíonadh an ghnímh atá i gceist inchurtha i leith imthosca neamhghnácha agus neamh-intuatha (agus nach bhfuil ar fáil, dá bhrí sin, más rud é go bhféadfadh duine dícheallach agus stuama na bearta is gá a dhéanamh chun na hiarmhairtí a eascraíonn as na himthosca sin a sheachaint), tá mé den tuairim, fiú roimh dhul in éag na tréimhse a fhorordaítear le hAirteagal 26(1) den Treoir maidir le Sceithirí, go bhféadfadh Poblacht na Polainne aghaidh a bheith tugtha aici ar an gcur isteach a tharla de dheasca phaindéim COVID-19 agus go bhféadfadh beartais réamhchúraim a bheith glactha aici le háirithiú go rabhthas ag dul i ngleic fós leis an gceist maidir le trasú na Treorach sin. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé teacht ar roghanna malartacha ar chruinnithe ar an láthair.

45. Sna dálaí sin, is cosúil gur toradh ar ‘deacrachtaí inmheánacha’, seachas cás *force majeure*, na himthosca a d’agair Poblacht na Polainne.²⁰ Chiallódh a mhalairt de chonclúid, ar cosúil dar liom go bhfuil sé deacair a chosaint, go scaoilfí na Ballstáit, go bunúsach, ón oibleagáid bearta trasuite a ghlacadh le haghaidh aon treoir a raibh a tréimhse trasuite ag forluí ar bhealach éigin le tréimhse phaindéim COVID-19.

46. Ní áitíonn an tríú húdar a thug Poblacht na Polainne, a bhaineann le tionchar an chogaidh san Úcráin orm ach an oiread. Mar a luann an Coimisiún, cuireadh tús leis an gcogadh san Úcráin i mí Feabhra 2022, ach tháinig deireadh leis an tréimhse a leagtar amach in Airteagal 26(1) den Treoir

¹⁸ Féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 1985, *an Coimisiún v an Iodáil* (101/84, EU:C:1985:330, mír 16), agus an 8 Meitheamh 2023, *an Coimisiún v an tSlóvaic (Ceart foirceanta gan táilli)* (C-540/21, EU:C:2023:450, mír 81 agus an cádlí dá dtagraítear). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl in *an Coimisiún v an Ghearmáin* (C-527/12, EU:C:2014:90, míreanna 47 go 53).

¹⁹ Breithiúnas an 4 Márta 2010 (C-297/08, EU:C:2010:115, míreanna 80 go 86).

²⁰ Féach, de réir analaí, breithiúnas an 6 Iúil 2000, *an Coimisiún v an Bheilg* (C-236/99, EU:C:2000:374, míreanna 21 go 24).

maidir le Sceithirí an 17 Nollaig 2021 (roimh thús an chogaidh sin). Dá bhrí sin, i mo thuairimse, ní féidir le Poblacht na Polainne údar cuí a thabhairt lena mainneachtain an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú laistigh den tréimhse a fhorordaítear leis an bhforáil sin trí bheith ag brath ar thionchar na coinbhleachta sin.

47. Ar ndóigh, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcogadh san Úcráin ar chumas Phoblacht na Polainne a hoibleagáid a chomhlíonadh maidir leis an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú agus fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta trasuite ábhartha. Mar sin féin, fiú i dtaca leis an tréimhse sin, a thagann i ndiaidh thús na coinbhleachta sin, tá drogall orm glacadh leis an tríú húdar a chuir Poblacht na Polainne ar aghaidh.

48. Go deimhin, tá argóintí Phoblacht na Polainne i ndáil leis sin gan téagar, ar an gceann caol de. Go deimhin, ní dhéanann an Ballstát aon mhaíomh seachas gur cuireadh moill bhreise ar ghlacadh na mbearta trasuite, le linn na tréimhse ina dhiaidh sin, toisc go raibh ar an Aireacht Teaghlaigh agus Beartais Shóisialta tús áite a thabhairt do thograí maidir le dídeanaithe ón Úcráin a imeascadh i gcóras slándála sóisialta na Polainne agus do na dálaí faoinar cuireadh fáilte rompu sa Pholainn. Ní mór, i mo thuairimse, an argóint sin a dhiúltú ar na cúiseanna céanna a leagtar amach i míreanna 44 agus 45 thuas. Maidir leis sin, tugaim faoi deara nach míníonn Poblacht na Polainne, mar shampla, cén fáth nach bhféadfadh aireacht eile trasú na Treorach sin a áirithiú, nuair nach bhféadfadh an Aireacht Teaghlaigh agus Beartais Shóisialta é sin a dhéanamh.

49. Sna dálaí sin, ní áitíonn aon cheann de na trí húdar a thug Poblacht na Polainne orm.

B. Méid na smachtbhannaí airgeadais agus na modhanna ríofa arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún

50. Baineann an phríomh-shaincheist sa chás seo le léirmhíniú ar Airteagal 260(3) CFAE agus leis na modhanna ríofa a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm chun méid na smachtbhannaí airgeadais a bheartaíonn sí a fhorchuirfidh an Chúirt agus an fhoráil sin á cur i bhfeidhm a chinneadh.

51. Rinne an Coimisiún cur síos ar Airteagal 260(3) CFAE mar ‘ionstraim nuálach’ a tugadh isteach le Conradh FEU ‘d’fhonn réiteach éifeachtach a sholáthar ar an bhfadhb fhorleathan a bhaineann le treoracha a thrasú go déanach’.²¹ De bhun a chéad abairte, ‘nuair a thabharfaidh an Coimisiún cás os comhair na Cúirte de bhun Airteagal 258 [CFAE] ar an bhforas gur mhainnigh an Ballstát i dtrácht a oibleagáidí a chomhall maidir le bearta a chur in iúl lena ndéantar treoir a glacadh i gcomhréir le nós imeachta reachtach a thrasú, féadfaidh sé, nuair is iomchuí leis, méid na cnapshuime nó na híocaíochta pionósaí a shonrú a bheidh le híoc ag an mBallstát i dtrácht a mheasfaidh sé is iomchuí sna himthosca’.²²

52. Luaitear sa dara habairt d’Airteagal 260(3) CFAE, má chinneann an Chúirt go bhfuil sárú den sórt sin ann, go bhféadfaidh sí cnapshuim agus/nó íocaíocht phionósach a fhorchur ar an mBallstát lena mbaineann.

53. Mar a chinn an Chúirt, tá dhá fheidhm ag an bhforáil sin go bunúsach. Ar thaobh amháin, tá sé mar aidhm léi sainchumais shonracha a thabhairt don Choimisiún d’fhonn cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí an Aontais a áirithiú. Ar an taobh eile, féachann sí leis an gCúirt a chur ar a

²¹ Féach pointe 11 den Teachtaireacht ón gCoimisiún — Cur chun feidhme Airteagal 260(3) den Chonradh (IO 2011 C 12, lch. 1).

²² Mar a shonraítear in Airteagal 260(3) CFAE, ní mór an treoir atá i gceist a bheith ‘glactha faoi nós imeachta reachtach’. Níl feidhm aige maidir le treoracha neamhreachtach.

cumas a feidhm bhreithiúnach a fheidhmiú, in aon sraith amháin imeachtaí, chun a chinneadh an bhfuil a oibleagáidí comhlíonta ag an mBallstát lena mbaineann maidir le fógra a thabhairt faoi na bearta lena dtrasuitear an treoír atá i gceist agus, i gcás inarb ábhartha, na smachtbhannaí airgeadais a fhorchur a mheasann sé a bheith ar na cinn is oiriúnaí.²³

54. Ní mór aird níos mó a thabhairt ar dhá ghné d'Airteagal 260(3) CFAE, i mo thuairimse.

55. Ar an gcéad dul síos, chuir an Chúirt in iúl go soiléir nach féidir Airteagal 260(3) CFAE a chur i bhfeidhm ina aonar, ach nach mór é a bheith nasctha le tús a chur le himeachtaí um shárú ag an gCoimisiún faoi Airteagal 258 CFAE.²⁴ Go simplí, is é 'breisluach' Airteagal 260(3) CFAE, murab ionann agus sárúithe nach dtagann ach faoi raon feidhme Airteagal 258 CFAE amháin, nach gceanglaítear dara nós imeachta ar leithligh maidir le sárúithe a bhfuil feidhm ag an dá fhoráil maidir leo chun smachtbhannaí airgeadais a fhorchur.²⁵ Go deimhin, le hAirteagal 260(3) CFAE, cuirtear ar chumas na Cúirte cnapshuim agus/nó íocaíocht phionósach a fhorchur sa bhreithiúnas céanna ina gcinneann sí gurb ann do shárú ar an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite. Sin é an fáth a ndearna an Chúirt cur síos ar chuspóir an chórais a tugadh isteach le hAirteagal 260(3) CFAE mar ní hamháin chun na Ballstáit a spreagadh deireadh a chur lena mainneachtain an oibleagáid sin a chomhlíonadh a luaithe is féidir, ach freisin chun an nós imeachta maidir le smachtbhannaí airgeadais a fhorchur a shimpliú agus a bhrostú.²⁶

56. Ar an dara dul síos, tá sé ráite ag an gCoimisiún gurb ionann, go bunúsach, na modhanna ríofa a chuireann sé i bhfeidhm sa chomhthéacs sin agus na modhanna a úsáidtear faoi Airteagal 260(2) CFAE. Leis an bhforáil dheireanach sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún smachtbhannaí airgeadais a mholadh, agus an Chúirt iad a ordú, i gcás ar leith, eadhon i gcás ina mainníonn Ballstát na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte a chomhlíonadh.²⁷ Mar sin féin, ós rud é gur féidir, go bunúsach, na cineálacha céanna smachtbhannaí a ordú faoin dá fhoráil agus nach mór an measúnú ina leith sin a bheith bunaithe ar na prionsabail chéanna, d'fhormhuinigh an Chúirt cur chuige an Choimisiúin agus chinn sí go bhfuil feidhm ag an gcásdlí a bhaineann le hAirteagal 260(2) CFAE de réir analaí le hAirteagal 260(3) CFAE.²⁸

57. Mar sin féin, tá an ráiteas sin faoi réir *caveat*: tá cumhacht mheasúnaithe na Cúirte faoin bhforáil dheireanach sin faoi réir teorannú nach bhfuil a choibhéis faoi Airteagal 260(2) CFAE. Go deimhin, cé gur féidir leis an gCúirt, faoin dá fhoráil, imeacht ó thograí an Choimisiúin, foráiltear

²³ Féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v Éire (Sciúradh airgid)* (C-550/18, EU:C:2020:564, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²⁴ Is amhlaidh atá toisc nach bhfuil san iarratas ar smachtbhannaí airgeadais faoi Airteagal 260(3) CFAE ach sásra coimhdeach de na himeachtaí um shárú nach mór dó a éifeachtacht a áirithiú (féach breithiúnas an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v an Rómáin (Sciúradh airgid)* (C-549/18, EU:C:2020:563, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear)).

²⁵ Ar mhaithe le hiomláine, tugaim faoi deara, cé nach léir ó Airteagal 260(3) CFAE an dtagann an oibleagáid atá ar an mBallstát lena mbaineann na smachtbhannaí 'i bhfeidhm' a chomhlíonadh amháin ó dháta seachadta an bhreithiúnais (gan aon tréimhse chairde ina dhiaidh sin), d'ordaigh an Chúirt cheana féin, roinnt uaireanta, go dtiocfaidh smachtbhannaí i bhfeidhm láithreach (féach, mar shampla, breithiúnas an 8 Iúil 2019, *an Coimisiún v anBheilg (Airteagal 260(3) CFAE — Líonraí ardluais)*, C-543/17, EU:C:2019:573). Le haghaidh na díospóireachta teagascaí ar an gceist sin, féach Materne, T., *La Procédure en manquement d'État — Guide Pratique*, 2ú heag., Bruylant, lch. 483.

²⁶ Féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v Éire (Sciúradh airgid)* (C-550/18, EU:C:2020:564, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

²⁷ I ndáil leis sin, de bhrí go ndírítear le hAirteagal 260(2) CFAE ar an rud is 'sárú cumaisc' nó 'sárú dúbailte' ann, go bunúsach, (mainneachtain bhunaidh an Bhallstáit chomh maith lena mhainneachtain breithiúnas Airteagal 258 CFAE a chomhlíonadh), tá feidhm ag Airteagal 260(3) CFAE i gcomhthéacs sárú aonair (eadhon, neamh-trasúí treorach) (féach Wahl, N. agus Prete, L., 'Between certainty, severity and proportionality: Some reflections on the nature and functioning of Article 260(3) TFEU', *European Law Reporter*, Eagrán 6, 2014, lgh. 170 go 189, ag lch. 173).

²⁸ Féach breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *an Coimisiún v an Spáinn (an Treoir maidir le Sonraí Pearsanta — an Dlí Coiriúil)* (C-658/19, EU:C:2021:138, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

le hAirteagal 260(3) CFAE (murab ionann agus Airteagal 260(2) CFAE) nach féidir le méid na smachtbhannaí airgeadais a shocraigh an Chúirt sa deireadh dul thar an méid atá sonraithe ag an gCoimisiún.²⁹

58. Leis na soiléirithe sin, meabhraím go leagann an Coimisiún amach dhá mhodh ríofa ar leith i dTeachtaireacht 2023: ceann amháin le haghaidh cnapshuimeanna agus ceann amháin le haghaidh íocaíochtaí pionósacha. Forchuirtear cnapshuimeanna chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm maidir le leanúint de shárú an Bhallstáit go dtí go dtabharfar breithiúnas na Cúirte nó go dtí go gcomhlíonfar go hiomlán é, má bhaintear amach níos luaithe é. Tá íocaíochtaí pionósacha dírithe, ar a dtaobh féin, ar an mBallstát a spreagadh chun deireadh a chur leis an sárú a luaithe agus is féidir tar éis bhreithiúnas na Cúirte a thabhairt agus, i bprionsabal, ní bheidh údar leo ach amháin más rud é gur lean an mhainneachtain ar aghaidh go dtí an tráth a ndearna an Chúirt scrúdú ar na fíorais.³⁰

59. Tá an dá mhodh bunaithe ar iolrú méid ráta chomhréidh faoi thrí ghné. Is ionann an chéad dá ghné agus tromchúis an tsáraithe (arna léiriú le comhéifeacht don tromchúis) agus fad an tsáraithe (arna léiriú le comhéifeacht ar feadh ré nó líon na laethanta ar lean nó a leanann an sárú). Tugann an Coimisiún tuairisc ar an tríú ceann mar ‘fhachtóir n a léiríonn cumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann’.

60. Mar a chuir mé in iúl i mír 17 thuas, sa chás seo tá méid na cnapshuime ríofa ag an gCoimisiún mar cheann den dá mhéid seo a leanas: íocaíocht laethúil de EUR 13 700 ón dáta a chuaigh an spriocdháta chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú in éag go dtí an dáta a gcuirfear deireadh leis an sárú líomhainte nó, i gcás gur lean an sárú, go dtí dáta fógartha an bhreithiúnais sa chás seo nó íosmhéid de EUR 3 836 000, cibé acu is airde. Iarrann an institiúid sin freisin ar an gCúirt a ordú do Phoblacht na Polainne íocaíocht phionósach laethúil de EUR 53 430 in aghaidh gach lá moille i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Treoir maidir le Sceithirí ó dháta fógartha an bhreithiúnais sin go dtí an dáta a gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin.

61. Maíonn Poblacht na Polainne go bhfuil na smachtbhannaí sin iomarcach agus díréireach. Go sonrach, téann sí chun argóinte le dhá ghné de na modhanna ríofa a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm, a bhfuil tuairisc orthu i dTeachtaireacht 2023: ar an gcéad dul síos, an chomhéifeacht don tromchúis, arb ionann í, de bhun na dtreoirlínte a leagtar amach sa teachtaireacht sin, i ngach cás ina mbíonn mainneachtain iomlán déanta ag Ballstát lena mbaineann fógra a thabhairt faoi na bearta is gá chun treoir a thrasú (1); agus, ar an dara dul síos, an fachtóir ‘n’, atá bunaithe, i bpáirt, ar mhéid daonra an Bhallstáit (2). Níl na saincheistanna a d’ardaigh Poblacht na Polainne maidir leis an dá ghné sin teoranta don chás seo, ach caitheann siad amhras ar oiriúnacht na modhanna ríofa a leag an Coimisiún amach i dTeachtaireacht 2023 ina hiomláine. Tabharfaidh mé aghaidh ar na saincheistanna níos ginearálta sin ar dtús, sula ndéanfaidh mé trácht ar mhéid iomarcach nó díréireach mhéid na smachtbhannaí airgeadais arna sonrú ag an gCoimisiún sna himeachtaí reatha (3).

²⁹ Ní hamháin go ndéanann an teorannú sin difear don mhéid féin, ach freisin do rogha na Cúirte maidir leis na cineálacha smachtbhannaí (cnapshuim nó íocaíocht phionósach nó iad araon) a mheasann sí a bheith iomchuí (féach breithiúnas an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v an Rómáin (Sciúradh airgid)* (C-549/18, EU:C:2020:563, mír 52)). É sin ráite, tugaim faoi deara, mar a léirítear i dTeachtaireacht 2023, go molann an Coimisiún go córasach don Chúirt cnapshuim agus íocaíocht phionósach araon a fhorchur’.

³⁰ Féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *an Coimisiún v an Spáinn (an Treoir maidir le Sonraí Pearsanta — an Dlí Coiriúil)* (C-658/19, EU:C:2021:138, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

1. Saincheist ghinearálta (i): An chomhéifeacht a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm maidir le tromchúis

(a) Argóintí na bpáirtithe

62. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil an chomhéifeacht don tromchúis, lena léirítear tromchúis an tsáraithe, socraithe ag luach idir 1 agus 20. Cuireann sé in iúl freisin, mar a léirítear i dTeachtaireacht 2023, go gcuireann sé comhéifeacht 10 i bhfeidhm ‘go córasach’ i gcásanna a bhaineann le mainneachtain iomlán an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite a chomhlíonadh. Baineann an cás seo le mainneachtain iomlán den sórt sin. Dá bhrí sin, tá comhéifeacht 10 curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir le tromchúis.

63. Míníonn an Coimisiún, de bhun chásdlí na Cúirte, gur ‘oibleagáid bhunúsach’³¹ í an oibleagáid teoracha a thrasú agus fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhearta trasuite, rud a chuireann le héifeachtacht dhlí an Aontais a áirithiú. Ní mór cásanna inar mainníodh go hiomlán an oibleagáid sin a chomhlíonadh a mheas mar chásanna ‘fíorthromchúiseacha’. Is údar é sin, dar leis an gCoimisiún, le comhéifeacht a chur i bhfeidhm go córasach ar mhaithe le tromchúis 10 i ngach cás den sórt sin.

64. Ina theannta sin, luann an Coimisiún nach mór a mheas go bhfuil an tábhacht chéanna ag baint leis na teoracha uile a ghlactar faoi nós imeachta reachtach agus nach mór do na Ballstáit iad a thrasú go hiomlán laistigh de na tréimhsí a shonraítear iontu. Dar léi, níor cheart go mbeadh aon tionchar ag cineál na teorach atá i gceist ar chinneadh na comhéifeachta ar mhaithe le tromchúis.

65. Áitíonn an Coimisiún freisin go gcuirtear feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil le comhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i ngach cás a bhaineann le mainneachtain iomlán an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite a chomhlíonadh. Le cur i bhfeidhm córasach den sórt sin, tá na smachtbhannaí airgeadais arna moladh ag an gCoimisiún níos intuartha agus áirithítear cóir chomhionann idir na Ballstáit.

66. Thairis sin, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil údar, in aon chás, leis an gcomhéifeacht sin a chur i bhfeidhm sa chás seo. I ndáil leis sin, maíonn sí, ar an gcéad dul síos, go bhfuil ról lárnach ag an Treoir maidir le Sceithirí maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí an Aontais a éascú i roinnt réimsí tábhachtacha agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag mainneachtain an Treoir sin a thrasú ar ghníomhartha eile de dhlí an Aontais (na gníomhartha sin a ghlactar sna réimsí a thagann faoi raon feidhme ábhartha na Treorach sin). Ar an dara dul síos, áitíonn sé go bhféadfadh easpa cosanta éifeachtaí sceithirí i mBallstát difear a dhéanamh do chosaint a gceart bunúsach, rud a threisíonn tromchúis an tsáraithe. Ar an tríú dul síos, níl an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhoráil de dhlí na Polainne a shaothraíonn na cuspóirí céanna leis an Treoir maidir le Sceithirí, nó atá ar aon dul lena bhfuil sa Treoir maidir le Sceithirí. Ar an gceathrú dul síos, ós rud é gur chomhoibrigh Poblacht na Polainne leis an gCoimisiún le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta, ní mhaolaítear a mainneachtain.

67. Maíonn Poblacht na Polainne go gcuirtear ar chumas an Choimisiúin, trí chomhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i ngach cás a bhaineann le mainneachtain iomlán an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite a chomhlíonadh, dul timpeall ar a oibleagáid measúnú domhain a dhéanamh, i ngach cás, ar thromchúis an tsáraithe líomhainte.

³¹ Féach breithiúnas an 13 Eanáir 2021, *an Coimisiún v an tSlóivéin (MiFID II)* (C-628/18, EU:C:2021:1, mír 75).

68. Go háirithe, áitíonn Poblacht na Polainne, sa chás seo, nár chuir an Coimisiún san áireamh go dtugann dlí na Polainne cineál éigin cosanta do sceithirí cheana féin agus go bhfuil tionchar teoranta ag a mainneachtain an Treoir maidir le cosaint na ndaoine sin a thrasú, dá bhrí sin, ar na leasanna a bhfuil an ionstraim sin ag iarraidh iad a chosaint. Dar léi, ba cheart an fóras sin a mheas mar fhachtóir maolaitheach agus an chomhéifeacht don tromchúis á cinneadh; murach sin, bheadh an chomhéifeacht a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm bunaithe ar éifeachtaí féideartha an tsáraithe amháin (seachas a fhíoriarmhairtí).

69. Tugann Poblacht na Polainne dá haire freisin gur fachtóir maolaitheach é go gcomhoibríonn Ballstát go dílis (mar a rinne sí) leis an gCoimisiún le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta.³²

(b) Measúnú

70. Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an gCúirt nach mór do na smachtbhannaí airgeadais a fhorchuirtear ar na Ballstáit as neamhchomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a bheith ‘oiriúnach do na himthosca’ agus ‘comhréireach’ don [sárú] agus cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh lena mbaineann.³³ Tugann an Coimisiún le fios gur thug sé aird chuí ar na ceanglais sin i dTeachtairacht 2023.³⁴

71. I bhfianaise na ngnéithe sin, tuigim go bhfuil sé d’aidhm ag an gcomhéifeacht don tromchúis arna cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, go sonrach, a áirithiú go bhfuil méid na gcnaphshuimeanna agus/nó na n-íocaíochtaí pionósacha arna sonrú ag an gCoimisiún faoi Airteagal 260(3) CFAE comhréireach le tromchúis an tsáraithe, arna measúnú i bhfianaise na n-imthosca ábhartha. Go deimhin, is é sin an t-aon ghné amháin de na modhanna ríofa a leagtar amach i dTeachtairacht 2023 a d’fhéadfadh tromchúis an tsáraithe a léiriú.³⁵

72. Sa chomhthéacs sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar an gceist, an féidir leis an gCoimisiún comhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach aon uair atá sárú líomhainte, ina bhfuil mainneachtain iomlán i gceist, maidir leis an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite a chomhlíonadh, ar an mbonn go molann sé don Chúirt smachtbhannaí airgeadais a fhorchur agus Airteagal 260(3) CFAE á chur i bhfeidhm. Níor scrúdaigh an Chúirt riamh an cheist sin. Go deimhin, roimh Theachtairacht 2023, níor chuir an Coimisiún an chomhéifeacht chéanna i bhfeidhm go córasach i gcásanna den sórt sin.³⁶

73. Ar mhaithe le soiléireacht, meabhraím go bhfuil feidhm ag Airteagal 260(3) CFAE i gcás ‘nár chomhlíon an Ballstát lena mbaineann a oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta lena dtrasuitear treoir arna glacadh faoi nós imeachta reachtach’. Dá bhrí sin, níl raon feidhme na forála sin teoranta do chásanna ina ndéantar mainneachtain iomlán an oibleagáid maidir le ‘fógra a thabhairt’ a chomhlíonadh, ach cuimsítear leis cásanna ina dtugann Ballstát fógra i bpáirt nó go

³² I ndáil leis sin, braitheann sé ar bhreithiúnais an 25 Meitheamh 2013, *an Coimisiún v Poblacht na Seice* (C-241/11, EU:C:2013:423), agus an 17 Deireadh Fómhair 2013, *an Coimisiún v an Bheilg* (C-533/11, EU:C:2013:659).

³³ Féach, maidir le híocaíochtaí pionóis, breithiúnais an 4 Iúil 2000, *an Coimisiún v an Ghréig* (C-387/97, EU:C:2000:356, mír 90), agus an 25 Feabhra 2021, *an Coimisiún v an Spáinn (an Treoir maidir le Sonraí Pearsanta — an Dlí Coiriúil)* (C-658/19, EU:C:2021:138, mír 62); maidir le híocaíochtaí cnapshuime, breithiúnais an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v Éire (Sciúradh airgid)* (C--550/18, EU:C:2020:564, mír 81), agus an 25 Feabhra 2021, *an Coimisiún v an Spáinn (an Treoir maidir le Sonraí Pearsanta — an Dlí Coiriúil)* (C-658/19, EU:C:2021:138, mír 73).

³⁴ Féach pointe 2 de Theachtairacht 2023.

³⁵ Go deimhin, níl na gnéithe eile de na modhanna ríofa arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún (eadhon, an méid ar ráta comhréidh, an chomhéifeacht ar feadh ré nó líon na laethanta ar lean nó a leanann an sárú ar aghaidh fós agus an fachtóir ‘n’) bunaithe ar thromchúis an tsáraithe.

³⁶ Féach pointe 25 den Teachtairacht ón gCoimisiún — Cur chun feidhme Airteagal 260(3) den Chonradh (IO 2011 C 12, lch. 1).

mícheart do bhearta trasuite. Mar sin féin, cé nach luann an Coimisiún, i dTeachtaireacht 2023, cén chomhéifeacht don tromchúis is gá a chur i bhfeidhm sa dara cás sin, tugann³⁷ sé le fios go gcuireann sé comhéifeacht 10 i bhfeidhm go córasach sa chéad chás.

74. Mar a mhíneoidh mé thíos, measaim go bhfuil cur chuige den sórt sin iomchuí (agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta) más rud é, agus sa chás sin amháin, gur féidir a mheas go bhfuil na sáruithe lena mbaineann go léir ar an leibhéal céanna tromchúise i gcomparáid, ar an gcéad dul síos, le cineálacha eile sáraithe agus, ar an dara dul síos, lena chéile. I mo thuairim, ní hé sin an cás anseo, áfach.

(1) An chéad chúis: cásanna mainneachtana iomláine maidir leis an oibleagáid bearta trasuite a ghlacadh agus, dá bhrí sin, fógra a thabhairt ina leith, ní gá go mbeadh na cásanna sin níos tromchúisí ná cineálacha eile sáraithe

75. Go hipitéiseach, d'fhéadfaí dhá chineál staide a chumhdach le cur chuige an Choimisiúin (is é sin comhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach): ar an gcéad dul síos, i gcás inar ghlac an Ballstát lena mbaineann na bearta trasuite is gá (go hiomlán nó go páirteach) ach nár thug sé fógra ina n-iomláine fúthu; agus ar an dara dul síos, i gcás inar mhainnigh an Ballstát sin go hiomlán an treoir atá i gceist a thrasú.

76. I ndáil leis sin, meabhraítear dom, mar a mhínigh an tAbhcóide Ginearálta Szpunar, nach ionann an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 260(3) CFAE agus an oibleagáid bearta trasuite a ghlacadh, ach an oibleagáid fógra a thabhairt ina leith.³⁸ Dá bhrí sin, is leor mainneachtain Bhallstáit 'fógra a thabhairt' maidir le bearta trasuite (seachas mainneachtain iomlán an Bhallstáit na bearta sin a ghlacadh) chun cur i bhfeidhm Airteagal 260(3) CFAE a thionscnamh.

77. Mar sin féin, is féidir liom glacadh go héasca (mar is cosúil go nglacann an Coimisiún freisin) nach bhfuil an chéad chás dóchúil go réalaíoch. Go deimhin, i bhformhór na gcásanna (murach iontu ar fad), is é an chúis a mhainníonn Ballstát fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite ná gur mhainnigh sé na bearta sin a ghlacadh freisin. Go deimhin, is deacair a shamhlú cén fáth a mainneodh Ballstát 'a chuir an gnó i gcrích i gceart' agus a ghlac na bearta is gá chun treoir a thrasú fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith. Dá bhrí sin, is léir dom, nuair a labhraíonn an institiúid sin faoi chásanna inar mainníodh go hiomlán 'fógra a thabhairt', is éard atá i gceist aici ná go bhfuil mainnithe go hiomlán aici an oibleagáid a chomhlíonadh maidir leis an oibleagáid a thrasú (agus ní, go hiomlán agus go simplí, an mhainneachtain iomlán an oibleagáid fógra a thabhairt, a chomhlíonadh), i gcomhréir leis an dearcadh atá aici ar Airteagal 260(3) CFAE mar fhoráil lena dtugtar isteach sásra a ceapadh chun 'réiteach éifeachtach a sholáthar ar an bhfadhb fhorleathan a bhaineann le treoracha a thrasú go déanach'.³⁹

78. I gcásanna den sórt sin, tá an Ballstát lena mbaineann freagrach a bheag nó a mhór as sárú dúbailte. Ní hamháin gur mhainnigh sé fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite, ach níor ghlac sé bearta den sórt sin ach an oiread (ba thoradh ar an dara ceann an chéad mhainneachtain).

³⁷ Féach, chun tuilleadh sonraí a fháil, mír 85 thíos.

³⁸ Féach, ina leith sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *an Coimisiún v an Bheilg (Airteagal 260(3) CFAE — Líonraí ardluais)* (C-543/17, EU:C:2019:322, pointe 69).

³⁹ Féach an mír 51 thuas.

79. Ar an gcéad amharc, go deimhin féin, d'fhéadfadh sárú dúbailte den sórt sin, de réir mar a áitíonn an Coimisiún, a bheith sách tromchúiseach, de réir dealraimh. Mar sin féin, is é sin an áit inar léir laige réiteach 'a oireann do chách' an Choimisiúin: is follasach go bhfuil sé róshimplí. Faoin gcur chuige sin, 'roghnaíonn' an Coimisiún cineál amháin sáraithe (an mhainneachtain iomlán maidir leis an oibleagáid bearta trasuite a ghlacadh agus, dá bhrí sin, fógra a thabhairt ina leith) a bheith níos tromchúisí ná cineálacha eile sáraithe, go háirithe cuid mhór díobh siúd a chumhdaítear le hAirteagal 260(2) CFAE. Trína dhéanamh sin, déanann sé neamhaird ar an bhfíric nach gá gurb amhlaidh atá.⁴⁰

80. Chun an pointe sin a léiriú, is féidir tagairt a dhéanamh do mhainneachtain Phoblacht na Seice forálacha áirithe de Threoir 2003/41/CE maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí maidir le soláthar scoir ceirde a thrasú,⁴¹ ar Treoir í a scrúdaigh an Chúirt ina breithiúnas in *an Coimisiún v Poblacht na Seice*.⁴² Ag fágáil ar leataobh an fíoras go raibh an mhainneachtain sin páirteach seachas iomlán, bhí sí neamhurchóideach freisin. Go deimhin, níorbh ann don ghníomhaíocht a rialaigh na forálacha sin (*in casu*, soláthar scoir ceirde) i bPoblacht na Seice. Os a choinne sin, bhí an sárú a shuigh an Chúirt ina breithiúnas in *an Coimisiún v an Fhrainc*⁴³, a bhain le mainneachtain Phoblacht na Fraince oibleagáidí áirithe rialaithe a chomhlíonadh maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí na Fraince (sárú a thagann faoi raon feidhme Airteagal 260(2) CFAE anois), i bhfad níos tromchúisí ó thaobh na n-iarmhairtí a bhí aige ar na leasanna poiblí agus príobháideacha a ndearnadh difear dóibh.⁴⁴

(2) An dara cúis: tá leibhéil éagsúla tromchúise ag cásanna inar mainníodh bearta trasuite a ghlacadh ina n-iomláine agus, dá bhrí sin, fógra a thabhairt ina leith

81. Is é an dara cúis a measaim go bhfuil cur chuige an Choimisiúin míchuí ná nach féidir a rá go bhfuil gach cás inar mainníodh go hiomlán an oibleagáid maidir le bearta trasuite a ghlacadh agus, dá bhrí sin, fógra a thabhairt ina leith, a chumhdaítear le hAirteagal 260(3) CFAE, ar aon leibhéal tromchúise.

82. Go luath tar éis do Chonradh FAE an fhoráil nua sin a thabhairt isteach, mhínigh an Coimisiún gurb é an cuspóir a bhí leis trasú pras treoracha ag na Ballstáit a spreagadh, a dúirt sé go raibh 'tábhacht thromchúiseach' leis, ní hamháin mar ábhar a bhaineann le 'leasanna ginearálta a choimirciú' arna saothrú le reachtaíocht an Aontais, ach freisin, agus thar aon ní eile, mar ábhar a bhaineann le cosaint a thabhairt do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cearta aonair acu faoin reachtaíocht sin.⁴⁵

83. Ina dhiaidh sin, d'aithin an Chúirt go sainráite, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 260(3) CFAE, nach mór go mbeadh forchur cnapshuime bunaithe (mar a dhéantar faoi Airteagal 260(2) CFAE freisin) ar mheasúnú ar na 'héifeachtaí ar leasanna poiblí agus príobháideacha' a bhí ag mainneachtain an Bhallstáit lena mbaineann a oibleagáidí a

⁴⁰ Féach, ina leith sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *an Coimisiún v an Bheilg (Airteagal 260(3) CFAE — Líonraí ardluais)* (C-543/17, EU:C:2019:322, pointe 56). Féach, freisin, Wahl, N. agus Prete, L., 'Between certainty, severity and proportionality; Some reflections on the nature and functioning of Article 260(3) TFEU', *European Law Reporter*, Eagrán 6, 2014, lgh. 170 go 189, ag lch. 173.

⁴¹ Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 (IO 2003 L 235, lch. 10).

⁴² Féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2013 (C-241/11, EU:C:2013:423, mír 53).

⁴³ Breithiúnas an 12 Iúil 2005 (C-304/02, EU:C:2005:444).

⁴⁴ Féach, ina leith sin, Wahl, N. agus Prete, L., 'Between certainty, severity and proportionality; Some reflections on the nature and functioning of Article 260(3) TFEU', *European Law Reporter*, Eagrán 6, 2014, lgh. 170 go 189, ag lch. 173.

⁴⁵ Féach pointe 7 den Teachtaireacht ón gCoimisiún – Cur chun feidhme Airteagal 260(3) den Chonradh (IO 2011 C 12, lch. 1).

chomhlíonadh.⁴⁶ Tá na breithnithe céanna (chomh maith lena phráinní atá sé go spreagfaidh an Ballstát lena mbaineann a oibleagáidí a chomhlíonadh) ábhartha chun méid íocaíochta pionóis a chinneadh.⁴⁷

84. I mo thuairimse, tá cinneadh an Choimisiúin, i dTeachtaireacht 2023, an chomhéifeacht chéanna 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i ngach cás ina ndéanann Ballstát mainneachtain iomlán maidir le bearta trasuite a ghlacadh agus, dá bhrí sin, ‘fógra a thabhairt’ don Choimisiún ina leith, ag teacht salach ar an gcur chuige a bhí ann roimhe sin agus leis an gcásdlí sin. Míneoidh mé an bharúil sin.

85. Sa doiciméad sin, tugann an Coimisiún údar lena chur chuige nua trína rá ‘go measfar go bhfuil an tábhacht chéanna ag baint le gach treoir reachtach agus gur gá do na Ballstáit iad a thrasú go hiomlán laistigh de na spriocdhátaí a shocraíonn siad’.⁴⁸ Cuirtear leis sin ‘go bhfuil feidhm chomhionann maidir le gach treoir reachtach ag na Ballstáit maidir leis an tábhacht a bhaineann lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit teoracha reachtacha a thrasú laistigh de na spriocdhátaí a leagtar síos leis na teoracha sin’.⁴⁹ Os a choinne sin, mínítear sa Teachtaireacht, i gcás mainneachtain pháirteach (seachas mainneachtain iomlán) an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite a chomhlíonadh, go socraítear an chomhéifeacht don tromchúis ar leibhéal níos ísle ná 10 agus go dtugtar aird chuí ar éifeachtaí an tsáraithe ar ‘leasanna ginearálta agus leasanna aonair’.

86. Tuigtear dom ó na ráitis sin go measann an Coimisiún, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 260(3) CFAE, nach bhfuil an cheist maidir le cé na leasanna sonracha agus na cearta sonracha a ndéanann an sárú difear dóibh ábhartha ach amháin i gcásanna seachas na cásanna sin a bhaineann le mainneachtain iomlán an oibleagáid fógra a thabhairt maidir le beart trasuite a chomhlíonadh.

87. Fágann sé sin mé le ceist gan réiteach: más rud é, mar a mhaíonn an Coimisiún, gurb é cuspóir deiridh na smachtbhannaí airgeadais ar féidir leis a mholadh go ndéanfaidh an Chúirt, agus Airteagal 260(3) CFAE á chur i bhfeidhm, ‘leasanna ginearálta’ arna saothrú le reachtaíocht an Aontais agus ‘cearta aonair shaoránaigh an Aontais’ a chosaint, conas is féidir nach ndéanfar méid na smachtbhannaí sin a oiriúnú ag brath ar a mhéid a ndéantar difear do na leasanna agus do na cearta sin nó a mhéid a d’fhéadfadh an sárú difear a dhéanamh dóibh sna cásanna uile a chumhdaítear leis an bhforáil sin?

88. I ndáil leis sin, thug mé faoi deara cheana féin i mír 21 thuas go nglactar leis go ginearálta (mar a léiríonn raon feidhme ábhartha na Treorach maidir le Sceithirí inti féin, mar shampla) go bhfuil réimsí áirithe de dhlí an Aontais níos tábhachtaí ó thaobh leas an phobail de ná réimsí eile. Má dhéanann Ballstát mainneachtain iomlán treoir a thrasú i gceann de na réimsí sin, tá sé níos tromchúisí, i bprionsabal, agus go háirithe má tá sé mar aidhm leis cearta aonair a thabhairt do shaoránaigh an Aontais, ná mainneachtain an Bhallstáit chéanna treoir a thrasú i réimse eile.⁵⁰

⁴⁶ Féach breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *an Coimisiún v an Spáinn (an Treoir maidir le Sonraí Pearsanta — an Dlí Coiriúil)* (C-658/19, EU:C:2021:138, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁴⁷ Féach, de réir analaí, breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)* (C-51/20, EU:C:2022:36, mír 96).

⁴⁸ Féach pointe 3.2.2 de Teachtaireacht 2023.

⁴⁹ Féach pointe 2.2 den Teachtaireacht sin.

⁵⁰ Leis an méid sin ráite, aontaím, fiú i réimse a mheastar a bheith tábhachtach go ginearálta ar mhaithe le leas an phobail, go bhféadfadh reachtas an Aontais treoir a ghlacadh maidir le pointe ar bheagán tábhachta (mar shampla, pointe an-teicniúil), agus a mhalairt. Dá bhrí sin, tá measúnú ar thromchúis an tsáraithe le déanamh i ngach cás aonair.

89. I mo thuairimse, ní féidir a mhaíomh, dá bhrí sin, go bhfuil an tábhacht céanna ag baint le gach treoir a ghlactar faoi nós imeachta reachtach. Aontaím go bhfuil feidhm ‘chomhionann’ maidir leis na treoracha sin go léir ag oibleagáid na mBallstát bearta trasuite a ghlacadh go tráthúil. Mar sin féin, is rud eile é a mhaíomh, mar a dhéanann an Coimisiún, nach mór na hionstraimí sin go léir a chur ar comhchéim mar go bhfuil siad go léir chomh tábhachtach céanna.⁵¹ Ní chiallaíonn sárú a bheith tromchúiseach go bunúsach nach féidir a thromchúisí agus atá sé a bheith éagsúil ó chás go chéile.

90. Is mian liom dhá ráiteas eile a dhéanamh.

91. Ar an gcéad dul síos, ní dhéantar difear don chonclúid sin go bhfuil sé ráite ag an gCúirt gur ‘oibleagáidí bunúsacha iad an oibleagáid bearta náisiúnta a ghlacadh chun a áirithiú go ndéantar treoir a thrasú go hiomlán agus an oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta sin’.⁵² Maidir leis sin, déanaim tagairt do na breithnithe atá leagtha amach agam thuas.

92. Cuirim leis sin go ndealraíonn sé go bhfuil an t-údar a chuir an Coimisiún in iúl sa chás seo, eadhon go n-áirithítear le comhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach go gcaithfear go cothrom leis na Ballstáit, gan aon dealramh. Ní thuigim conas a d’fhéadfaí cóir chomhionann idir na Ballstáit a chur i mbaol tríd an gcomhéifeacht don tromchúis a oiriúnú chun tosca amhail tábhacht na treorach atá i gceist a chur san áireamh.

93. Ar an dara dul síos, i dTeachtaireacht 2023, tugann an Coimisiún dá aire, i ndáil le hAirteagal 260(2) CFAE, nach mór tábhacht an tsáraithe atá i gceist a chinneadh trí ‘c[h]ineál agus réim na bhforálacha [dlí] lena mbaineann’ a chur san áireamh. Cuirtear in iúl freisin gur cheart ‘sáruithe a dhéanann difear do chearta bunúsacha nó do na ceithre shaoirse bhunúsacha ... a mheas go ginearálta mar sháruithe thar a bheith tromchúiseach agus ba cheart pionós iomchuí a bheith mar thoradh orthu’.⁵³ Thairis sin, mínítear gur cheart na héifeachtaí ar leasanna ginearálta agus ar leasanna ar leith a thomhas ar bhonn cás ar chás, ag cur san áireamh, *inter alia*, caillteanas d’acmhainní dílse an Aontais, damáiste tromchúiseach do leasanna airgeadais an Aontais, tionchar an tsáraithe ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an tAontas, damáiste tromchúiseach nó doleigheasta do shláinte an duine nó don chomhshaol, aon bhuntáiste airgeadais a d’fhéadfadh a bheith ann a bhainfeadh an Ballstát as neamhchomhlíonadh agus méid an daonra a ndéanann an sárú difear dó.

94. Ní fheicim aon chúis nach bhféadfadh aon ról a bheith ag na treoirphrionsabail ná ag na tosca céanna maidir leis an gcomhéifeacht don tromchúis a shocrú i gcás inarb é atá sa sárú mainneachtain iomlán maidir leis an oibleagáid bearta trasuite a ghlacadh de réir bhrí Airteagal 260(3) CFAE a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, fógra a thabhairt fúthu.

95. I ndáil leis sin, cuirim leis sin freisin, sa chéad Teachtaireacht uaidh maidir le hAirteagal 260(3) CFAE, go raibh sé tugtha le fios ag an gCoimisiún gur ghá an chomhéifeacht don tromchúis a bhunú i gcomhréir leis na rialacha agus na critéir is infheidhme maidir le sáruithe a chumhdaítear le hAirteagal 260(2) CFAE, ar comhéifeacht í a d’fhág gurbh éigean an

⁵¹ D’fhéadfaí a rá, ar bhonn breithnithe den chineál céanna, gur luaigh an Coimisiún, sa chéad Teachtaireacht uaidh maidir le hAirteagal 260(3) CFAE, gur ghá na rialacha agus na critéir ghinearálta a cheap sé i ndáil leis an bhforáil sin a chur i bhfeidhm ar bhonn ‘cás ar chás’ agus gur ghá gach smachtbhanna airgeadais a chur in oiriúint i gcónaí d’imthosca an cháis (féach pointe 10 den Teachtaireacht ón gCoimisiún — Cur chun feidhme Airteagal 260(3) den Chonradh (IO 2011 C 12, lch. 1)).

⁵² Féach breithiúnas an 13 Eanáir 2021, *an Coimisiún v an tSlóivéin* (MiFID II) (C-628/18, EU:C:2021:1, mír 75).

⁵³ Féach pointe 3.2.1.1 de Teachtaireacht 2023.

chomhéifeacht sin a bheith idir 1 agus 20.⁵⁴ Ní leagtar amach i dTeachtaireacht 2023 na cúiseanna atá le himeacht ón gcur chuige sin (seachas tábhacht chomhionann na dtreoracha uile arna nglacadh faoi nós imeachta reachtach).

96. Tugaim faoi deara, sa chás seo, go n-áitíonn Poblacht na Polainne gur cheart dhá chúinse mhaolaitheacha a chur san áireamh: ar an gcéad dul síos, ós rud é go bhfuil sceithirí cosanta cheana féin ag dlí na Polainne agus, ar an dara dul síos, gur chomhoibrigh Poblacht na Polainne go dílis leis an gCoimisiún le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta.

97. Coimeádfaidh mé siar mo mheasúnú ar an gcás seo go dtí níos déanaí (féach Rannán 3 thíos). I láthair na huaire, ba mhaith liom a chur in iúl go soiléir gur cheart don Choimisiún, i ngach cás, an fhéidearthacht a fhorchoimeád go ndéanfaí an chomhéifeacht don tromchúis a oiriúnú i bhfianaise tosca ábhartha maolaitheacha agus/nó géaraitheacha.

(3) *Conclúid*

98. Leanann sé ó na breithnithe thuas, i mo thuairimse, gur cheart don Chúirt a dhearbhu nach bhfuil sé iomchuí comhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i ngach cás lena mbaineann mainneachtain iomlán maidir leis an oibleagáid fógra a thabhairt faoi na bearta is gá chun treoir a thagann faoi raon feidhme Airteagal 260(3) CFAE a thrasuí, ó thaobh smachtbhannaí airgeadais a leagan síos atá athchomhairleach agus comhréireach go leor leis an sárú ábhartha.

2. *Saincheist ghinearálta (ii): modh ríofa an fhachtóra ‘n’*

(a) *Argóintí na bpáirtithe*

99. Dar leis an gCoimisiún, is é is aidhm don fhachtóir ‘n’ cumas na mBallstát íocaíocht a dhéanamh a chur san áireamh agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagthach ag smachtbhannaí airgeadais a fhorchuirtear agus Airteagal 260(3) CFAE á chur i bhfeidhm. Is ionann dhá thrían den fhachtóir sin agus olltáirgeacht intíre (OTI) na mBallstát (i gcomparáid leis an meán-OTI ar fud na mBallstát go léir) agus seasann aon trian dá dhaonra (i gcomparáid le meándaonra na mBallstát uile).

100. Cuireann an Coimisiún in iúl, de bhun phointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023, gur chuir sé fachtóir ‘n’ de 1.37 i bhfeidhm sa chás seo.

101. Cuireann an Coimisiún leis sin, agus modh ríofa an fhachtóra ‘n’ sa teachtaireacht sin á chinneadh aige, gur thug sé aird chuí ar bhreithiúnas na Cúirte in *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)*.⁵⁵ Tuigeann sé ó mhír 116 den bhreithiúnas sin, cé nach mór OTI na mBallstát a bheith ar an bpríomhfachtóir chun críocha measúnú a dhéanamh ar a gcumas íocaíochta, go bhfuil sé sin gan dochar don fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún pionóis airgeadais a mholadh atá bunaithe ar chritéir iolracha, go háirithe má tá critéir eile den sórt sin beartaithe le bearna réasúnta a choinneáil idir na Ballstáit.

⁵⁴ Féach pointe 25 den Teachtaireacht ón gCoimisiún – Cur chun feidhme Airteagal 260(3) den Chonradh (IO 2011 C 12, lch. 1), ina dtagraítear do phointe 16.6 den Teachtaireacht ón gCoimisiún — Cur i bhfeidhm Airteagal 228 de Chonradh CE (SEC/2005/1658).

⁵⁵ Féach breithiúnas an 20 Eanáir 2022 (C-51/20, EU:C:2022:36).

102. Measann an Coimisiún go bhfónann sé go beacht don chuspóir sin gné atá bunaithe ar mhéid dhaonra na mBallstát a chomhtháthú i modh ríofa an fhachtóra ‘n’. Áitíonn sé go n-áirithítear leis an gcritéar déimeagrafach freisin cobhsaíocht an fhachtóra ‘n’ le himeacht ama, ós rud é gur lú an seans go mbeidh éagsúlacht shuntasach ann ar bhonn bliantúil maidir le daonra Ballstáit ná a OTI.

103. Thairis sin, maíonn an Coimisiún go leanann modh ríofa an fhachtóra ‘n’ a glacadh i dTeachtaireacht 2023 na tásca a chuir an tAbhcóide Ginearálta Pitruzzella in iúl ina Thuairim in *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)*,⁵⁶ inar luaigh sé go bhféadfaí ‘an cuspóir cóimheas ar leith a choinneáil idir na comhéifeachtaí a chuirtear i bhfeidhm ar na Ballstáit éagsúla’ a bhaint amach trí úsáid a bhaint as ‘critéar déimeagrafach ionas gur féidir na torthaí ón mbreithniú ar OTI simplí nó comparáideach a léirmhíniú i dtéarmaí coibhneasta’.

104. Easaontaíonn Poblacht na Polainne leis an gCoimisiún. Measann sí go bhfuil an critéar déimeagrafach a úsáidtear chun an fachtóir ‘n’ a ríomh ar neamhréir le cuspóir foriomlán an fhachtóra sin, is é sin cumas íocaíochta na mBallstát a chur san áireamh agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh na smachtbhannaí airgeadais a fhorchuirtear orthu sách díspreagthach.

105. Maíonn Poblacht na Polainne freisin go n-eascaíonn torthaí neamhréireacha as modh ríofa an fhachtóra ‘n’ ag an gCoimisiún, ós rud é go bhféadfar cumas íocaíochta na mBallstát a róluacháil nó a ghannluacháil, ag brath ar a ndaonra faoi seach, rud nach mbeadh amhlaidh dá mbeadh an fachtóir ‘n’ bunaithe ar a OTI amháin.

106. Deir Poblacht na Polainne freisin nach mór a bheith ag súil le héagsúlachtaí i bhfachtóir ‘n’ na mBallstát, ós rud é nach bhfuil an cumas íocaíochta céanna ag gach Ballstát. Ar an iomlán, áitíonn sí go bhfuil cur chuige an Choimisiúin ina chúis le smachtbhannaí díréireacha airgeadais a fhorchur ar Bhallstáit ina bhfuil OTI níos ísle ach daonra níos mó.

107. Ar deireadh, cuireann Poblacht na Polainne in iúl, ina Thuairim in *an Coimisiún v an Ghréig*,⁵⁷ gur luaigh an tAbhcóide Ginearálta Wathet ‘nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh cumas íocaíochta níos ísle a bheith ag roinnt Ballstát a bhfuil daonra faoi leith acu ná Ballstáit eile ina bhfuil daonra níos lú agus, dá bhrí sin, go bhfuil an critéar sin ‘neamhábhartha freisin chun an íocaíocht phionósach a ríomh’.

108. I ndáil leis sin, tugann Poblacht na Polainne dá haire, ó 2017 i leith (tar éis Tuairim an Abhcóide Ghinearálta in *an Coimisiún v an Ghréig*), nár chuir an Chúirt riamh gnéithe eile seachas OTI san áireamh agus cumas íocaíochta Ballstáit á chinneadh aici. Ina theannta sin, níor cheart an tagairt do ‘chritéar déimeagrafach’ sa Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Pitruzzella in *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)* ach a thuiscint mar léiriú go bhféadfadh sé a bheith iomchuí OTI na mBallstát a roinnt de réir mhéid a ndaonra chun léargas níos cruinne a fháil ar a gcumas íocaíochta.

109. I bhfianaise na mbreithnithe thuas, áitíonn Poblacht na Polainne gur cheart an fachtóir ‘n’ a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm a bheith bunaithe ar chumas íocaíochta na mBallstát, arna léiriú ag a OTI amháin.

⁵⁶ C-51/20, EU:C:2021:534, mír 37.

⁵⁷ C-93/17, EU:C:2018:315, mír 139.

(b) Measúnú

110. Is ionann an modh a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm chun an fachtóir ‘n’ a ríomh i gcás sárúithe a thagann faoi raon feidhme Airteagal 260(2) CFAE agus na sárúithe a chumhdaítear le hAirteagal 260(3) CFAE.

111. Ar dtús, bhí an modh sin bunaithe ar dhá ghné: OTI an Bhallstáit lena mbaineann, ar thaobh amháin, agus líon na vótaí a bhí ag an mBallstát sin sa Chomhairle le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe, ar an taobh eile.⁵⁸ Tháinig athrú ar na rialacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle áfach tar éis do ‘riail an tromlaigh dhúbailte’ nua teacht i bhfeidhm, an 1 Aibreán 2017, riail a tugadh isteach le hAirteagal 16(4) CAE. Scrúdaigh an Chúirt iarmhairtí na forbartha sin ina breithiúnas an 14 Samhain 2018, *an Coimisiún v an Ghréig*, inar chinn sí nach raibh critéir shásúla⁵⁹ sa chóras nua sin chun cumas na mBallstát íocaíocht a dhéanamh a chinneadh agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh sé ionad an tseanchórais vótála ualaithe a ghlacadh. Thug sí dá haire freisin, ar aon nós, ón 1 Aibreán 2017 i leith, nár chuir an Chúirt OTI an Bhallstáit lena mbaineann san áireamh ach amháin chun meastóireacht a dhéanamh ar chumas íocaíochta an Bhallstáit sin.

112. D’eisigh an Coimisiún teachtaireacht nua in 2019 (“Teachttaireacht 2019”),⁶⁰ inar áiríodh modh ríofa athbhreithnithe maidir leis an bhfachtóir ‘n’. Lean an modh nua sin de chomhpháirt a áireamh nach raibh ceangailte le OTI an Bhallstáit lena mbaineann. Mar sin féin, ní raibh an chomhpháirt sin bunaithe a thuilleadh ar líon na vótaí sa Chomhairle, ach ar líon na n-ionadaithe i bParlaimint na hEorpa.

113. Ina breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)*,⁶¹ luaigh an Chúirt arís gur ghá brath ar OTI an Bhallstáit lena mbaineann mar an príomhfachtóir chun críocha measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhallstáit sin íocaíocht a dhéanamh agus nár ghá a cheangal leis an gcuspóir smachtbhannaí airgeadais atá athchomhairleach go leor a leagan síos go gcuirfí ualú institiúideach an Bhallstáit lena mbaineann san Aontas Eorpach san áireamh, ós rud é nach raibh baint ag an ngné sin le saintréithe an tsáraithe atá i gceist.

114. Glacadh Teachtaireacht 2023 tar éis an bhreithiúnais sin.

115. Sa teachtaireacht sin, déanann an Coimisiún cur síos ar an bhfachtóir ‘n’ mar mheán ualaithe geoiméadrach a bhraitheann ‘go príomha’ ar OTI na mBallstát agus ‘go cúlráideach’ ar a ndaonra ‘mar chritéar déimeagrafach lenar féidir diall réasúnach idir na Ballstáit a choinneáil’.

116. Aontaím le Poblacht na Polainne nach bhfuil an ‘critéar déimeagrafach’ iomchuí chun cumas coibhneasta íocaíochta na mBallstát a chinneadh. Tá trí phríomhchúis dom teacht ar an gconclúid sin.

⁵⁸ Féach Rannán D, dar teideal ‘Cumas íocaíochta an Bhallstáit a chur san áireamh’ den Teachtaireacht ón gCoimisiún – Cur i bhfeidhm Airteagal 228 de Chonradh CE (SEC/2005/1658). Ar mhaithe le hiomláine, cuirim leis gur tháinig an fachtóir ‘n’ i láthair ar dtús sa doiciméad dar teideal Faisnéis ón gCoimisiún – Modh ríofa chun íocaíochtaí pionósacha a ríomh dá bhforáiltear de bhun Airteagal 171 de Chonradh CE an 28 Feabhra 1997 (IO 1997 C 63, lch. 2), ach níor tháinig sé i bhfeidhm go dtí 2005 chun cnapshuimeanna a ríomh chomh maith.

⁵⁹ C-93/17, EU:C:2018:903 (míreanna 139 go 141).

⁶⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún – Modhnú ar an modh ríofa le haghaidh íocaíochtaí cnapshuime agus íocaíochtaí pionósacha laethúla arna moladh ag an gCoimisiún in imeachtaí um shárú os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO 2019 C 70, lch. 1).

⁶¹ C-51/20, EU:C:2022:36 (míreanna 113 go 115).

117. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí a mhaíomh nach bhféadfadh na gnéithe a leagtar amach i mír 113 thuas an fhéidearthacht don Choimisiún tosca nó paraiméadair eile a chur san áireamh agus modh ríofa an fhachtóra 'n' á shocrú. Go deimhin, mar a thugann an Coimisiún dá aire i dTeachtaireacht 2023, d'aithin an Chúirt, ina breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)*⁶² (an breithiúnas a thug ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mhodh ríofa ar an bhfachtóir sin agus an Teachtaireacht sin a ghlacadh), gurbh é OTI an Bhallstáit lena mbaineann, an príomhfachtóir chun measúnú a dhéanamh ar a chumas íocaíochta 'gan dochar' don fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún smachtbhannaí airgeadais a mholadh 'bunaithe ar chritéir iolracha, d'fhonn, go háirithe, bearna réasúnach a cheadú idir na Ballstáit éagsúla'.

118. Mar sin féin, is é an rud a léiríonn na gnéithe sin, i mo thuairimse, ná go n-éilíonn an Chúirt comhghaol idir OTI na mBallstát agus na fachtóirí 'n' faoi seach a shanntar dóibh.⁶³ Go deimhin, dá sannfaí fachtóir 'n' níos airde do Bhallstát a bhfuil OTI níos ísle aige i gcomparáid le Ballstát eile den sórt sin, agus *vice versa*, d'fhéadfaí a rá, go simplí, nach mbeadh an fachtóir sin ionadaíoch a thuilleadh ar chumas íocaíochta na mBallstát faoi seach.

119. Is é sin go díreach an cás ina dtagann an locht i modh ríofa an fhachtóra 'n' a roghnaigh an Coimisiún i dTeachtaireacht 2023 chun solais. Tugtar le fios in Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023 gur ríomhadh na fachtóirí 'n' a liostaítear inti ar bhonn OTI na mBallstát in 2020. Má bhreithnítear OTI na mBallstát le linn na bliana sin⁶⁴ agus na fachtóirí 'n' a shann an Coimisiún do gach ceann díobh, feictear an méid seo a leanas:

- tá OTI Lucsamburg níos airde ná OTI na Bulgáire, na Cróite, na Liotuáine agus na Slóivéine, ach tá an fachtóir 'n' a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm maidir le Lucsamburg níos ísle ná an fachtóir a chuireann sé i bhfeidhm maidir leis na Ballstáit eile sin;
- tá OTI na hÍsiltíre i bhfad níos airde ná OTI na Polainne, ach tá a bhfachtóirí 'n' beagnach comhionann (1.39 i gcoinne 1.37);
- os a choinne sin, níl OTI na Polainne ach beagán níos airde ná OTI na Sualainne, ach tá éagsúlacht shuntasach idir a bhfachtóirí 'n' (1.37 i gcomparáid le 0.83).

⁶² C-51/20, EU:C:2022:36 (mír 116).

⁶³ I ndáil leis sin, cuirim leis sin gur leag an Chúirt béim, i roinnt breithiúnas, maidir le cumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann, gur gá na treocharaí a bhí ann le déanaí in olltáirgeacht intíre (OTI) an Bhallstáit sin a chur san áireamh tráth an scrúdaithe a rinne an Chúirt ar na fíorais (féach, *inter alia*, breithiúnais an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v an Rómáin (Sciúradh airgid)* (C-549/18, EU:C:2020:563, mír 85), agus an 16 Iúil 2020, *an Coimisiún v Éire (Sciúradh airgid)* (C-550/18, EU:C:2020:564, mír 97)). Thairis sin, tá an Chúirt den tuairim nach mór méid na smachtbhannaí airgeadais a laghdú i gcásanna ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann i ngéarchéim eacnamaíoch (agus inar tháinig laghdú suntasach ar a OTI) (féach breithiúnas an 19 Nollaig 2012, *an Coimisiún v Éire* (C-374/11, EU:C:2012:827, mír 44)).

⁶⁴ Bunaithe ar na luachanna a chuir Eurostat ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/NAMA_10_GDP__custom_1799513/bookmark/bar?lang=en&bookmarkId=d8b13929-28c2-478f-8c40-492f2c166c77.

120. Thairis sin, má chinntear anailís a dhéanamh ar na fachtóirí ‘n’ a leagtar amach i dTeachtaireacht 2023 i bhfianaise OTI *per capita* na mBallstát mar a bhí in 2020,⁶⁵ seachas a OTI (ós rud é, d’fhéadfaí a rá, gur féidir comparáid níos fearr a dhéanamh idir cumas íocaíochta na mBallstát faoi seach íoc bunaithe ar OTI *per capita*), feictear torthaí níos neamhréireacha fós:

- Tá OTI *per capita* na Danmhairge níos airde ná OTI *per capita* na Gearmáine, ach tá fachtóir ‘n’ na Gearmáine beagnach 12 oiread níos mó ná fachtóir ‘n’ na Danmhairge (6.16 i gcoinne 0.52);
- os a choinne sin, sannadh fachtóirí ‘n’ comhchosúla d’Éirinn agus don Danmhairg (0.55 i gcoinne 0.52), cé go bhfuil OTI *per capita* na hÉireann beagnach 1.5 oiread níos airde ná OTI na Danmhairge;
- ar an gcaoi chéanna, tá fachtóirí ‘n’ comhchosúla ag an Ísiltír agus ag an bPolainn (1.39 agus 1.37), ach tá bearna shuntasach idir OTI *per capita* na dtíortha sin (is ionann OTI *per capita* na hÍsiltíre agus beagnach ceithre oiread OTI *per capita* na Polainne);
- Tá OTI *per capita* comhchosúil ag an Iodáil agus ag an gCipir, ach is é 3.41 fachtóir ‘n’ na hIodáile agus is é 0.05 fachtóir ‘n’ na Cipire (tá fachtóir ‘n’ na hIodáile, dá bhrí sin, tuairim is 68 n-uaire níos airde ná fachtóir ‘n’ na Cipire);
- Tá ceann de na fachtóirí ‘n’ is ísle ag Lucsamburg, ach tá an OTI *per capita* is airde aige i measc na mBallstát ar fad.

121. I bhfianaise na ngnéithe sin, is léir dom nach léiriú iad na fachtóirí ‘n’ a liostaítear i dTeachtaireacht 2023 ar chumas íocaíochta na mBallstát faoi seach (is cuma cé acu a chinntear an cumas íocaíochta sin i bhfianaise a OTI nó a OTI *per capita*). Is é mo thuairim, go bhfuil feidhm fós go cinnte ag an argóint a rinne roinnt údar⁶⁶ agus Ballstát⁶⁷ le linn na tréimhse a raibh modh ríofa an fhachtóra ‘n’ bunaithe fós ar chearta vótála sa Chomhairle nó ar líon na n-ionadaithe i bParlaimint na hEorpa, nár ghá gur thug an fachtóir sin léargas cruinn ar chumas na mBallstát íocaíocht a dhéanamh, ós rud é gur thug sé meas os cionn nó faoi bhun a luacha maidir le cumas Ballstát áirithe íocaíocht a dhéanamh.⁶⁸

122. Tugann sé sin mé chuig an dara cúis a measaim go bhfuil modh ríofa an fhachtóra ‘n’ a leagtar amach i dTeachtaireacht 2023 míchuí. Is léir dom, agus an modh sin á leagan amach aige, go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún ní hamháin éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas na Cúirte an 20 Eanáir 2022, *anCoimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)*,⁶⁹ inar cháin an Chúirt an modh ríofa roimhe sin (eadhon, an modh a leagadh amach i dTeachtaireacht 2019), ach freisin chun a áirithiú go bhfanfadh méideanna na smachtbhannaí airgeadais a mholfadh sí don Chúirt chomh gar agus ab fhéidir do na luachanna a fuarthas faoin modh sin roimhe seo.

⁶⁵ Bunaithe ar na luachanna a chuir Eurostat ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/sdg_08_10/default/table?lang=en.

⁶⁶ Féach, ina leith sin, Kornezov, A. ‘Imposing the right amount of sanctions under Article 260(2) TFEU: Fairness v. predictability, or how to “bridge the gaps”’, Iml. 20, Uimh. 3, *Columbia Journal of European Law*, 2014, lgh. 307 go 331, ag lch. 329.

⁶⁷ Féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *an Coimisiún v an Spáinn (an Treoir maidir le Sonraí Pearsanta — an Dlí Coiriúil)* (C-658/19, EU:C:2021:138, mír 49), inar áitigh Ríocht na Spáinne go raibh an fachtóir ‘n’ a sannadh di i dTeachtaireacht 2019 tar éis í a rangú sa cheathrú háit i measc na mBallstát maidir le cumas íocaíochta, ach dá riomhaí an fachtóir sin ar bhonn OTI amháin, rangófaí an Spáinn sa cheathrú háit déag.

⁶⁸ Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Fennelly in *an Coimisiún v an Ghréig* (C-197/98, EU:C:1999:597, mireanna 39 go 43).

⁶⁹ C-51/20, EU:C:2022:36.

123. Go deimhin, fiú agus Teachtaireacht 2019 á glacadh aige, chuir an Coimisiún in iúl go gcruthódh úsáid OTI na mBallstát mar chritéar aonair difríocht idir na fachtóirí ‘n’ is airde agus is ísle, rud nach raibh inghlactha, dar leis.⁷⁰ Is furasta dom a shamhlú go bhféadfadh sé go raibh ábhair imní den chineál céanna ag an gCoimisiún nuair a mhol sé critéar déimeagrafach a áireamh ina mhodh ríofa nua i dTeachtairacht 2023, seachas a bheith ag brath ar OTI nó OTI *per capita* amháin. Go deimhin, má dhéantar comparáid idir na fachtóirí ‘n’ a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Teachtaireacht sin leis na fachtóirí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2019, feictear nach bhfuil aon neamhréireachtaí móra idir an dá cheann.

124. Chuige sin, aontaím, ar ndóigh, leis an gCoimisiún nach cuspóir iomlán gan chiall é a áirithiú go bhfanfaidh an fachtóir ‘n’ laistigh de raon luachanna den chineál céanna ó mhodh ríofa amháin go modh ríofa eile agus go bhfuil méid áirithe cobhsaíochta ann le himeacht ama. Mar sin féin, dealraíonn sé domsa go bhféadfaí cobhsaíocht a bhaint amach go héasca trí mhodhanna eile a bheadh níos oiriúnaí. Ar an gcéad dul síos, d’fhéadfadh an Coimisiún OTI na mBallstát nó OTI *per capita* thar roinnt blianta a chur san áireamh agus a meánluach thar thréimhse cúig bliana, mar shampla, a chur san áireamh. Ina theannta sin, chun a áirithiú nach mbeidh na bearnaí idir fachtóirí ‘n’ na mBallstát ró-éagsúil agus go bhfanfaidh siad beagán laistigh den raon céanna luachanna mar atá siad faoi láthair (is é sin le rá, idir 0.03 agus 6.16), d’fhéadfadh an Coimisiún na luachanna a fhaightear ar bhonn mheán OTI nó OTI *per capita* a laghdú, chun teacht laistigh den raon sin, go beacht.

125. Lig dom é sin a léiriú. Faoin gcur chuige a mholaim, shannfaí fachtóir ‘n’ de 6.16 don Bhallstát ag a bhfuil an OTI nó OTI *per capita* is airde. Thabharfaí fachtóir ‘n’ do na Ballstáit eile go léir a léireodh a OTI nó OTI *per capita* comparáideach ach a bheadh fós faoi bhun an luacha sin. Mar shampla, má tá an OTI is airde *per capita* ag Lucsamburg, d’fhéadfadh 6.16 a bheith ina fhachtóir ‘n’ aige. Bheadh fachtóir ‘n’ na hÍsiltíre, a raibh OTI *per capita* aici (in 2020) gar do thart ar leathchuid de OTI Lucsamburg, gar do 3.

126. I mo thuairimse, agus murab ionann agus an méid a áitíonn an Coimisiún, bhí breithnithe comhchosúla ag an Abhcóide Ginearálta Pitruzzella nuair a dúirt sé, ina Thuairim in *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)*,⁷¹ go bhféadfaí ‘an cuspóir cóimheas sonrach a choinneáil idir na comhéifeachtaí a chuirtear i bhfeidhm ar na Ballstáit éagsúla’ a bhaint amach trí mhodhanna éagsúla a úsáid, amhail trí úsáid a bhaint as ‘critéar déimeagrafach lenar féidir na torthaí ón mbreithniú ar OTI simplí nó comparáideach a léirmhíniú i dtéarmaí coibhneasta’. Go deimhin, ní fheicim conas a d’fhéadfaí an sliocht sin a léamh ar an gcaoi a molann an Coimisiún, ós rud é, i mír 35 den Tuairim chéanna, go dtugann an tAbhcóide Ginearálta Pitruzzella, le fios gurb é a bharúil ná, ‘go bhfuil OTI (simplí, *per capita* nó comparáideach)...inniúil ann féin, léiriú leordhóthanach a thabhairt ar chumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann’.

127. Tá an tríú cúis a gcreidim go bhfuil modh ríofa an fhachtóra ‘n’ ag an gCoimisiún míchuí nasctha le roinnt breithnithe níos leithne maidir le hábharthacht dhaonra an Bhallstáit lena mbaineann ag an gcéim ina gcinntear a chumas smachtbhannaí airgeadais a íoc.

128. Mar atá ráite agam thuas, is é mo thuairim (atá mar an gcéanna a bheag nó a mhór le tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella) go bhféadfadh sé a bheith úsáideach, mura mbeadh sé nób’fhearr, d’fhonn léargas cruinn a fháil ar chumas íocaíochta an Bhallstáit sin, brath ar a OTI

⁷⁰ Féach Teachtaireacht 2019, pointe 2.

⁷¹ C-51/20, EU:C:2021:534, mír 37.

per capita (ar gá méid a dhaonra a chur san áireamh, rud atá soiléir). Ní hé sin áfach a dhéanann an Coimisiún i dTeachtaireacht 2023. Go deimhin, mar a mhínigh mé thuas, sa Teachtaireacht sin, ní roinneann sé OTI an Bhallstáit lena mbaineann de réir mhéid a dhaonra, mar a dhéanfaí chun OTI *per capita* an Bhallstáit sin a ríomh. Ina ionad sin, tá sé den tuairim nach mór saibhreas coibhneasta an Bhallstáit lena mbaineann (a OTI, arna mheasúnú in aghaidh mheán OTI na mBallstát uile) a iolrú faoi mhéid dhaonra an Bhallstáit sin (arís, é a mheasúnú i gcomparáid le meánmhéid daonra na mBallstát uile).

129. Mar a áitíonn Poblacht na Polainne, mar is ceart, is é toradh an chur chuige sin ná go meastar go córasach go bhfuil cumas íocaíochta níos airde ag Ballstát a bhfuil daonra níos mó aige ná mar atá ag Ballstát ag a bhfuil an saibhreas foriomlán céanna (OTI) agus daonra atá níos lú i gcomparáid leis. Ní fheicim conas is féidir é sin a réiteach le prionsabal na córa comhionainne idir na Ballstáit.

130. Ina theannta sin, dealraíonn sé domsa go mbíonn toradh an-mhí-ámharach ar deireadh mar thoradh ar chur chuige an Choimisiúin, ina gcaitear le méid daonra an Bhallstáit lena mbaineann mar fhachtóir géaraitheach nó mar fhachtóir maolaitheach (ag brath ar mhéid an daonra a bheith mór nó beag) ag an gcéim a bhfuil an fachtóir ‘n’ á chinneadh. I mo thuairimse, níl áit ag an mbreithniú sin i measúnú ar *chumas coibhneasta íocaíochta* na mBallstát. Go deimhin, mar a d’áitigh an tAbhcóide Ginearálta Wathelet, ‘ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh go mbeadh cumas íocaíochta níos ísle [i ndáiríre] ag roinnt Ballstát a bhfuil daonra ar leith acu ná mar a bheadh ag Ballstáit eile a bhfuil daonra níos lú acu’.⁷²

131. Fágann sé sin ag mo ráiteas deiridh mé. Is féidir liom glacadh leis go héasca go bhfuil oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais, go háirithe na hoibleagáidí sin a bhaineann le teoracha a thrasú, ‘dlite’ ar shlí ag na Ballstáit sin dá saoránaigh. Nuair a dhéanann Ballstát mainneachtain treoirt a thrasú, is féidir liom a thuiscint go bhféadfadh sé a bheith ábhartha líon na saoránach den Aontas atá ina gcónaí ar a chríoch agus a ndéanann an mhainneachtain sin difear dóibh a chur san áireamh. Is é sin, i mo thuairimse, an phríomhdhifríocht idir mainneachtain Bhallstáit a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh agus tiománaí gluaisteáin nó cuideachta, a d’úsáid mé mar shamplaí sa Réamhrá thuas. Mar a fheictear domsa é, ní shamhlódh an tiománaí ná an cuideachta ar feadh soicind amháin go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann maidir leis an bhfíneáil a ghearrtar orthu ag brath ar líon na ndaoine ina dteaghlach nó ar líon na ndaoine a fhostaíonn siad tráth an tsáraithe ar an gcúis shimplí nach bhfuil oibleagáidí atá dlite do na daoine aonair sin i gceist leis na rialacha atá á sárú acu (cibé acu a bhaineann siad le rialáil tráchta, le hiomaíocht an Aontais nó le cosaint sonraí pearsanta).

132. Os a choinne sin, i gcás go gcuirtear smachtbhanna níos airde ar Bhallstát toisc go bhfuil daonra níos mó aige ná mar atá ag Ballstát eile, d’fhéadfadh sé nach mbeadh a leithéid gan bonn cirt, i mo thuairimse, i gcomhthéacs imeachtaí um shárú a thionscnaítear faoi Airteagal 258 CFAE. Mar sin féin, measaim go mbaineann an ghné sin le tromchúis an tsáraithe, seachas le cumas íocaíochta na mBallstát. Sin an fáth a bhfuilim den tuairim nach féidir méid daonra an Bhallstáit lena mbaineann a úsáid mar fhachtóir géaraitheach nó maolaitheach ag céim chinneadh an fhachtóra ‘n’. Ina ionad sin, féadfar é a áireamh, i gcás inarb ábhartha, i measc na bhfachtóirí maolaitheacha nó géaraitheacha atá ábhartha chun an chomhéifeacht don tromchúis a chinneadh i ngach cás ar leith. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara, mar a thug mé le fios cheana féin i mír 93 thuas, go bhfuil an Coimisiún in ann an méid sin a dhéanamh i gcás sáruithe a thagann faoi raon feidhme Airteagal 260(2) CFAE.

⁷² Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wathelet in *an Coimisiún v an Ghréig* (C-93/17, EU:C:2018:315, mír 139).

3. An cás seo

133. Sna rannáin roimhe seo, mhínigh mé cén fáth a bhfuil mé den tuairim go bhfuil sé míchuí, ar an gcéad dul síos, an chomhéifeacht chéanna a chur i bhfeidhm maidir le tromchúis 10 ‘go córasach’, i ngach cás ina ndéantar mainneachtain iomlán maidir le fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite agus, ar an dara dul síos, chun brath ar chritéar déimeagrafach lena gcuirtear faoi phionós go córasach na Ballstáit a bhfuil daonra níos mó acu, amhail an Pholainn, chun cumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh.

134. Ba mhaith liom anois aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist atá fós ann maidir leis na smachtbhannaí airgeadais ar cheart don Chúirt, i mo thuairimse, a ghlacadh sa chás seo.

135. I ndáil leis sin, meabhraím, ar thaobh amháin, nach féidir le méid foriomlán na smachtbhannaí airgeadais arna bhforchur ag an gCúirt i gcur i bhfeidhm Airteagal 260(3) CFAE, mar a luaigh mé cheana i mír 57 thuas, dul thar an méid atá sonraithe ag an gCoimisiún.

136. Ar an taobh eile, chinn an Chúirt arís agus arís eile, i gcomhthéacs imeachtaí um shárú, nach bhfuil sí faoi cheangal, go ginearálta, ag na treoirlínte a leagtar síos sna teachtaireachtaí ón gCoimisiún, arb é is cuspóir dóibh cuidiú lena áirithiú go mbeidh gníomhartha na hinstitiúide féin trédhearcach, intuartha agus comhsheasmhach leis an deimhneacht dhlíthiúil nuair a chuireann an institiúid sin tograí faoi bhráid na Cúirte. Thairis sin, tá sé ráite ag an gCúirt gur ‘pointe tagartha úsáideach’ iad na hathróa matamaiticiúla a úsáideann an Coimisiún chun méid na smachtbhannaí airgeadais a ríomh. I bhfocail eile, is rialacha tascacha iad nach leagtar amach iontu ach an cur chuige atá beartaithe ag an gCoimisiún a leanúint.⁷³

137. Sa chás seo, cé gur glacadh na tograí ón gCoimisiún de bhun na dtreoirlínte a leagtar amach i dTeachtairacht 2023 agus, dá bhrí sin, go ndéanann an dá locht a shainaithin mé i mír 133 thuas difear dóibh, ní chuireann na lochtanna sin cosc ar an gCúirt smachtbhannaí airgeadais de mhéid níos ísle ná an méid a shonraigh an Coimisiún a ordú, gan aird a thabhairt ar na modhanna ríofa a leagtar amach sa Teachtairacht sin.

138. Ag an am céanna, ós rud é go gcuireann na tograí sin ‘uasteorainn’ ar an méid is féidir leis an gCúirt a fhorchur agus an fhoráil sin á cur i bhfeidhm, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfaidís, i gcás ina measann an Chúirt gurb iomchuí smachtbhannaí airgeadais de mhéid níos airde ná an méid a shonraíonn an Coimisiún a roghnú (ceist, ar ámharaí an tsaoil nach dtagann chun cinn sa chás seo, dar liomsa), an fhéidearthacht sin a bhaint den Chúirt. Sin an fáth a molaim go ndéanadh an Chúirt na lochtanna i modhanna ríofa an Choimisiúin a chur in iúl go sainráite ina breithiúnas sa chás seo (mar a rinne sí roimhe seo sna breithiúnais uathí an 14 Samhain 2018, *anCoimisiún v an Ghréig*,⁷⁴ agus an 20 Eanáir 2022, *anCoimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)*.⁷⁵

139. Tar éis na soiléirithe sin a dhéanamh, tugaim faoi deara, go dtí seo, nár thug Poblacht na Polainne fógra don Choimisiún fós faoi na bearta is gá chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú.

⁷³ Féach breithiúnas an 20 Eanáir 2022, *an Coimisiún v an Ghréig (Aisghabháil Státchabhrach — Ferronickel)* (C-51/20, EU:C:2022:36, míreanna 95, 109 agus 110).

⁷⁴ C-93/17, EU:C:2018:903.

⁷⁵ C-51/20, EU:C:2022:36.

140. Sna himthosca sin, measaim gurb iomchuí cnapshuim agus íocaíocht phionósach araon a fhorchur ar Phoblacht na Polainne, chun í a spreagadh chun na bearta is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis an sárú a suíodh.

141. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh méid na cnapshuime sin agus na híocaíochta pionósaí sin ‘oiriúnach do na himthosca’ agus ‘i gcomhréir leis [an sárú] agus leis an gcumas íocaíochta’ de chuid Phoblacht na Polainne, ní mór⁷⁶ don Chúirt a mheas, i mo thuairimse, go bhfuil cumas íocaíochta níos ísle ag Poblacht na Polainne ná mar a léirítear san fhachtóir ‘n’ a bhfuil an Coimisiún ag brath air.⁷⁷

142. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh aici ar thromchúis an tsáraithe atá i gceist, dealraíonn sé domsa nach mór don Chúirt na tosca maolaitheacha nó géaraitheacha uile a chur san áireamh (amhail na tosca sin atá liostaithe i mír 93 thuas). Áirítear ar na tosca sin go bhféadfadh tionchar a bheith ag neamh-thrasuí na Treorach maidir le Sceithirí ag Poblacht na Polainne ar chearta líon sách mór saoránach den Aontais, i bhfianaise mhéid réasúnta mór an daonra sa Bhallstát sin agus ós rud é go bhféachtar go beacht leis an Treoir sin cearta aonair a thabhairt do dhaoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais.

143. Maidir leis na héifeachtaí atá ag mainneachtain Phoblacht na Polainne ar leasanna poiblí agus príobháideacha, meabhraím, mar a thug mé faoi deara i mír 21 thuas, gurb é is aidhm don Treoir maidir le Sceithirí cosaint ‘chothromaithe agus éifeachtach’ a thabhairt do dhaoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais a bhfaigheann siad faisnéis ina leith i gcomhthéacs oibre agus ‘forfheidhmiú dhlí agus bheartais an Aontais a fheabhsú’ i réimsí sonracha áirithe atá tábhachtach do leas an phobail. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil mainneachtain an ionstraim sin a thrasuí thar a bheith tromchúiseach toisc go ngineann sí iarmhairtí tábhachtacha do ‘réimsí atá tábhachtach do leas an phobail’ den sórt sin, agus do chosaint chearta aonair sceithirí.

144. Mar sin féin, dealraíonn sé dom go maolaítear na hiarmhairtí tábhachtacha sin ar bhealach éigin toisc go bhfuil sceithirí cosanta cheana féin le dlí na Polainne (agus, dá bhrí sin, nach ndéantar an oiread dochair d’fheidhmiú a gceart agus a d’fhéadfaí a cheapadh ar dtús, mar gheall ar mhainneachtain Phoblacht na Polainne an Treoir maidir le Sceithirí a thrasuí). I ndáil leis sin, meabhraím gur chinn an Chúirt cheana féin go bhféadfadh tromchúis an tsáraithe a bheith ag brath ar a éifeachtaí praiticiúla, go háirithe, go bhfuil na héifeachtaí sin sách teoranta.⁷⁸ Dá bhrí sin, i bprionsabal, is é dearcadh Phoblacht na Polainne gur féidir an leibhéal cosanta a thugtar do sceithirí faoi dhlí na Polainne a mheas mar fhachtóir maolaitheach.

145. Ina theannta sin, aontaím le Poblacht na Polainne go bhféadfaí a mheas gur toisc mhaolaitheach é gur chomhoibrigh sí go dílis leis an gCoimisiún le linn an nós imeachta roimh na himeachtaí um shárú a bhí os comhair na Cúirte.⁷⁹

⁷⁶ Féach an cásdlí a mheabhraigh mé i mír 70 den Tuairim seo.

⁷⁷ Agus úsáid á baint as an modh a ndearna mé tuairisc air i mír 125 thuas, d’fhéadfadh fachtóir ‘n’ Phoblacht na Polainne a bheith cothrom, mar shampla, le 0.97, ós rud é gurbh ionann a OTI *per capita*, idir 2018 agus 2022, agus EUR 13 354 ar an meán (i gcomparáid le EUR 84 280 i gcás Lucsamburg) (bunaithe ar na luachanna arna soláthar ag Eurostat anseo: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/sdg_08_10/default/table?lang=en).

⁷⁸ Féach breithiúnas an 13 Eanáir 2021, *an Coimisiún v an tSlóivéin (MiFID II)* (C-628/18, EU:C:2021:1, mír 80).

⁷⁹ Féach, ina leith sin, breithiúnais an 25 Meitheamh 2013, *an Coimisiún v Poblacht na Seice* (C-241/11, EU:C:2013:423, mír 51), agus an 17 Deireadh Fómhair 2013, *an Coimisiún v an Bheilg* (C-533/11, EU:C:2013:659, mír 40). Os a choinne sin, aontaím leis an gCoimisiún gur toisc ghéaraitheach é easpa comhair. Go deimhin, tá sé de dhualgas ar na Ballstáit comhoibriú go dílis leis an gCoimisiún faoi Airteagal 4(3) CAE.

146. Ar an iomlán, dealraíonn sé domsa, i bhfianaise na n-imthosca fíorasacha agus dlíthiúla ábhartha atá leagtha amach agam (agus, go háirithe, cumas íocaíochta níos ísle Phoblacht na Polainne), gurbh iomchuí don Chúirt smachtbhannaí airgeadais de mhéid níos ísle ná an méid a shonraíonn an Coimisiún a fhorchur, eadhon cnapshuim laethúil EUR 8 700 ón dáta a chuaigh an spriocdháta chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú in éag go dtí dáta seachadta an bhreithiúnais sa chás seo, agus íocaíocht phionóis laethúil EUR 34 000 in aghaidh gach lá moille maidir leis na hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Sceithirí a chomhlíonadh, ó dháta seachadta an bhreithiúnais sin agus go dtí an dáta a gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin.

VI. Conclúid

147. I bhfianaise an mhéid sin thuas, molaim go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an méid seo a leanas:

- a dhearbhuí nár chomhlíon Poblacht na Polainne a hoibleagáidí faoi Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais ('an Treoir maidir le Sceithirí'), trí mhainneachtain na forálacha reachtaíochta, na rialúcháin agus riaracháin is gá a ghlacadh chun an Treoir sin a thrasú nó, in aon chás, trí mhainneachtain fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu;
- a dhearbhuí nach iomchuí comhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i ngach cás lena mbaineann mainneachtain iomlán an oibleagáid fógra a thabhairt faoi na bearta is gá chun treoir a thrasú a chomhlíonadh ó thaobh smachtbhannaí airgeadais a leagan síos atá athchomhairleach go leor agus i gcomhréir leis an sárú ábhartha;
- a dhearbhuí, chun críocha smachtbhannaí airgeadais den sórt sin a shocrú, nach iomchuí an modh ríofa a úsáideann an Coimisiún Eorpach ina Theachtaireacht dar teideal 'Smachtbhannaí airgeadais le linn imeachtaí um shárú' chun an fachtóir 'n' a chinneadh chun cumas íocaíochta an Bhallstáit sin a chinneadh;
- a ordú do Phoblacht na Polainne cnapshuim laethúil EUR 8 700 a íoc, ón dáta a chuaigh an spriocdháta chun an Treoir maidir le Sceithirí a thrasú in éag go dtí dáta fógartha an bhreithiúnais sa chás seo, agus íocaíocht phionósach laethúil EUR 34 000 in aghaidh gach lá moille maidir leis na hoibleagáidí faoin Treoir maidir le Sceithirí a chomhlíonadh, ó dháta fógartha an bhreithiúnais sin agus go dtí an dáta a gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin.
- a ordú do Phoblacht na Polainne na costais a íoc.